

I R I S D O N A O I S N U A

CUISLE


Eagrán 2

SAMHAIN 1998

£1.50



SCRÍBHNEOIR ÓG
AN OIREACHTAIS



Saibhreas na Mara

Who will benefit from Mayo's gas bonanza?



CATHAL GOAN

NÍL A FHIOS AGAM GOIDÉ
ATÁ I NDÁN DOMH*

BRONNADH
DHIAGA NA nINCAS

GERRY ADAMS AGUS AN DUAIS NÁR
CATHAIR

ISSN 1393-7243

9 771393 724002



The National Lottery raised
£100 million last year for
causes throughout Ireland.
On your behalf.

If you're
one of the
many who
lent a
hand, thank
you.




National
LOTTERY

CUISLE

Saibhreas na Mara

Who will benefit from Mayo's gas bonanza?

CUISLE

An tEastát Tionsclaíochta,
Casla, Co na Gaillimhe
Teil: 091 572077
Facs: 091 572076
Ríomhphost: cuisle@tinet.ie

Eagarthóir:

Uinsionn Mac Dubhghaill

Riarthóir:

Mary Ellen Ní Chualáin

Tuairisceoir:

Diarmuid Johnson

Bainisteoir Fógraíochta:

Aisling Ní Dhiomasaigh

Dearadh le:

Caomhán Ó Scolaí

Clóchur:

Kilkenny People



Arna fhoilsiú ag
Foilseacháin an Phobail Teo,
Casla, Co na Gaillimhe.

San eagrán seo

CÉ LEIS ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA NA HÉIREANN?

A major gas find off the Mayo coast will benefit the shareholders in Enterprise Oil, not Ireland plc. Tuairisc speisialta le Uinsionn Mac Dubhghaill 20

AN DUAIS NÁR BRONNADH

Des Johnson on Gerry Adams, Typhoid Mary, and the Nobel Peace Prize 9

AN BÉAL BEO

Antaine Ó Faracháin on the sean-nós song *Peigín 's Peadar* 13



TnaG – CEILIÚRADH NÓ TÓRRAMH?

The beleaguered TV station celebrates its second birthday with new viewing figures to confound the critics 18



RÉALTÓGA NA PÁIRCE

Mac Dara Mac Donncha's football allstars 36

OIREACHTAS BHLEÁ CLIATH

Diarmuid Johnson's analysis of the Oireachtas literary awards 14

EADRAINN

Ullamh don Bhanríon Teach Mór an Spidéil Cá bhfuil an tascfhórsa? 7

LEAGAN CAINTE

Tóg sos, a deir Liam Mac Con Iomaire 25

AR MO THAISTEAL DOM

Audrey Ní Fhearghaíl on old racism in South Africa's new dawn 10

RUA AGUS CNÓNNA NA SAMHNA

Scéal eile ón leon mantach 32

LUCHT ADHARTHA NA SPÉIRE

The Incas worshipped the sun, the moon and the stars 24

Ar mhaith leat síntiús a ghlacadh le Cuisle?
Cuisle chugat gach mí go dtí an bhliain 2000

Líon isteach an fhoirm ar leathanach 38

CUISLE AR AN IDIRLÍON <http://homepage.tinet.ie/~cuisle1>



Míle buíochas le
hÉadaoin Ní Chróinín,
Port Mearnóg,
Co Bhaile Átha Cliath,
a chuir an pictiúr
gleoite seo chugainn i
gcomhair na Samhna.

Tá bróntanas beag
ar an mbealach
chugat, a Éadaoin.

An bhfuil aon
phictiúr deas agaibh
don Nollaig, a
ghasúra? Cuir
chugainn iad roimh
an 16 Samhain
chuig:

Cuisle,
Casla,
Co. na Gaillimhe

Má fhoilsíonn
muid do
phictiúrsa, cuirfidh
muid bróntanas
chugat.

Áras Mháirtín Uí Chadhain

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Fón : (091) 595101 / 595038 Facs : (091) 595041

ríomhphost : arasuichadhain@tinet.ie



National University of Ireland, Galway
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh



Cúrsaí Gaeilge 1998/1999

Daoine Fásta, Mic Léinn Tríú Leibhéal,
Eachtrannaigh, Cúrsaí Deireadh Seachtaine,
Sainchúrsaí do Chomhlachtaí

Ranganna Oíche Gaeilge
do Dhaoine Fásta:-

Na Forbacha, An Cheathrú Rua,
Carna, Inis Mór



Cúnamh agus tacaíocht don chlann gan
Ghaeilge ar mian leo Gaeilge a fhoghlaim



Ranganna Oíche Ríomhaireachta trí Ghaeilge
Seirbhís Rúnaíochta trí Ghaeilge don phobal

Litreacha chuig an Eagarthóir

Beidh fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge, i mBéarla, nó i dteangacha eile
Seol do litir chuig: **An tEagarthóir, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe.**
Ríomhphost: cuisle@tinet.ie



A Mhuintir Chorca Dhuibhne

**Séamus Ó Maicín,
Baile Átha Cliath 2.**

A Eagarthóir, a chara,
Ba rishuimiúil an t-alt sa
chéad eagrán de *Cuisle*
faoinár gcomhtheanga
Cheilteach sa mBriotáin, cé
gur brónach an scéal é.

Gach samhradh tugann
muintir Chorca Dhuibhne
cuireadh do scaifte ógánach
as an mBriotáin teacht anall
ar saoire. Ach iontas na n-
iontas, ní bhíonn ach lucht
labhartha na Fraincise ina
measc. Agus ansin, téann
scaifte d'ógánaigh Chorca
Dhuibhne anonn agus
cuireann siad fúthu i dtithe
ina labhartar Fraincise amháin.

Cén teachtaireacht a
fhaigheann muintir na
Briotáine ón méid sin, go
háirithe na daoine óga?
Cuireann sé in iúl dóibh nach
bhfuil meas mada ag éinne de
na hÉireannaigh ar a dteanga
dhúchais. Agus cuireann sin
fearg ormsa.

An bhfuil seans ann go
n-athródh muintir Chorca
Dhuibhne a bpolasaí as seo
amach?

Is mise, srl.

Dearadh agus Dearcadh

**Caoimhghin Ó Croicheáin
Baile Munna, BÁC.**

A chara,
Congratulations on the new
magazine! An inexpensive
glossy magazine as *Gaeilge* was
much needed. In terms of
layout there is a lot of the
collage style of heading,
photo and columns with little
integration. Without
expecting very fancy

expensive graphics I think a
little more could be done.
However, too much mannered
typography can be visually
confusing.

I was very impressed with
page 30, *An Taj Mahal*, for
different reasons. The
windows style of presentation
is one with which many
people are now familiar due
to the proliferation of
computers. The layout of a
window is clear, not too
modern-looking. I like the way
the way the photo looks like
the border of the main text
frame. The gridded
background colour and the
window look are nice touches.

I would suggest that this style
of layout could be the overall
layout style of *Cuisle*,
particularly when so many
young readers are familiar
with computer applications.

When I first flicked
through the magazine I made
the mistake of assuming that
there would be a similar
gluais for all the articles. Do
you seriously think people are
going to go to the trouble of
sitting down with a dictionary
to understand words which
could have been explained at
the bottom of the page? Is
there even a dictionary which
explains modern neologisms
(apart from buying every new
specialist dictionary)?

The Irish language is not
the language of a minority
group. It is a national
language withered somewhat
by the heat of the colonial
and neo-colonial cultural
furnace. *Cuisle* can be a
specialist magazine for fluent
speakers, or it can re-assert
the importance of the Irish
language by drawing in
people who merely have levels
of understanding i.e. most
people in Ireland and among
Irish communities abroad.

Why is the cover subtitle

in English? There are also
some English introductions in
the index of articles. Inside,
however, there is no
translation or glossary. How
disappointing for people who
pick up the magazine just for
the story, yet still have
enough time to struggle through a
DIY translation job.

It is patronising to have a
special section for learners.
We are all learners. Even
native speakers are 'fluid' but
not necessarily 'fluent'. I hope
Cuisle will be a regular
feature. I often find that the
simplest of statements are the
hardest to find translations
for e.g. why not?

I would like to see more
academic and critical articles.
The demise of *The Big Issues*

was partly due to blandness
deriving from a desire to
become popular.

Film and book reviews are
important. Why do they have
to be the latest film or book.
Book like Ngugi's

*Decolonising the Mind: the
Politics of Language in African
Literature* will fascinate anyone
with a modicum of interest in
where Irish language activism
might go.

A major article about the
forthcoming discussions on
the Acht Teanga would be
appreciated.

Tá brón orm faoin méid
Béarla, ach caithfidh mé mo
leibhéal féin a ardú freisin. Ba
mhaith liom é sin a
dhéanamh le cabhair ó *Cuisle*.
Is mise srl.



AR MHAITH LEAT POST DÚSHLÁNACH LE CUISLE?

Tá folúntas ag *Cuisle* le haghaidh bainisteoir
fógraíochta. Duine bríomhar atá in ann oibriú
leis nó léi as a stuaim féin. Ba bhuntáiste taithí
margaíochta agus pearsantacht oscailte
thaitneamhach.

Is í an Ghaeilge teanga oibre an chomhlachta
ach tá Béarla líofa riachtanach chomh maith.

Seol d'iarratas maraon le CV chuig:
Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe
roimh an 15 Samhain.
Eolas: 091 572076.

Na deiseanna a chuirtear amú

CODLADH NA SÚL OSCAILTE atá ar Aire na Mara agus Acmhainní Nádurtha, Michael Woods, maidir leis an mbeirtreach gáis atá amach ó chósta thiar na hÉireann (féach an tuairisc ar leathanach 14).

In áit ráitisí seafóideacha a eisiúint ag cur fáilte roimh an ngás atá faighte ag Enterprise Oil, 70 km amach ó chósta Acla, ba cheart dó idirbheartaíocht a thosú láithreach leis an gcomhlacht — agus le comhlachtaí ola eile — féachaint le coinníollacha níos stuama a aontú leo.

De réir na dtéarmaí atá ann faoi láthair, ní bhfaighfidh Éire ach buntáiste an-bheag as an saibhreas mór a cheaptar a bheith i dtuaisce faoi ghrinneall na farraige thiar.

Comhrialtas idir Fianna Fáil agus an Páirtí Daonlathach thiar i 1994 a bhronn na coinníollacha lochtacha seo ar na comhlachtaí.

Ní gá do na comhlachtaí a fuair ceadúnais an t-am sin oiread is pingin rua a íoc leis an státchiste i bhfoirm dleachta (*royalties*) as aon ola nó gás a thugann siad i dtír.

Ina áit sin, íocfaidh siad cáin chorparáideach suas le 36% nó, i gcásanna áirithe, cáin 25% ar aon bhrabús a dhéanann siad — tar éis dóibh a gcuid costais ar fad a ghlanadh.

Tá na téarmaí seo ar na cinn is liobrálaithe agus is fábharaithe don tionscal atá ar fáil áit ar bith ar domhan — poblachtaí banana agus réimis deachtóireachta san áireamh.

Scannal Náisiúnta

SCANNAL NÁISIÚNTA é seo a chuireann scannal na mbanc in áit na leithphingine. Ní fios cé mhéad airgid a chaillfeas an státchiste dá bharr amach anseo: tá sé le háireamh sna céadta milliún punt, de réir fhoinsí sa tionscal.

Deir an Roinn gur tugadh na coinníollacha seo dóibh toisc na deacrachtaí móra a bhíonn ann ola agus gás a chuartú i bhfarraigí doimhne. Má bhí bunús éigin leis an argóint seo sna 1970í ní hamhlaidh atá an scéal anois.

Ar an gcéad dul síos tá sí i bhfad

níos éasca anois dul ag tochailt sna farraigí doimhne, leis na forbairtí móra teicneolaíochta a tharla le fiche bliain anuas.

Ar an dara dul síos tá na comhlachtaí ola ag faire amach le fada le haghaidh beirtreacha nua gáis agus ola. Tá an stór ola sa Muir Thuaidh beagnach ídithe; an bhail chéanna atá ar Bheirtreach Chionn tSáile.

Bheadh na comhlachtaí ola ag bogadh siar go cósta thiar na hÉireann ar aon nós, fiú muna mbeadh téarmaí chomh fábharach sin le fáil acu.

Cé nach bhfuil mórán suime acu ola agus gás a thabhairt i dtír faoi láthair — tá praghas na hola íseal agus flúirse di ar fáil ar an margadh idirnáisiúnta — bíonn siad ag breathnú rompu i gcónaí agus tuigeann siad gur acmhainn thar a bheith luach-mhar a bheas ann san aois atá le teacht.

Cogaí na nAcmhainní

ROINNT BLIANTA ó shin thagair iar-uachtarán an Choimisiúin Eorp-aigh, Jacques Delors, do na 'cogaí acmhainní' a bheas ar siúl sa 21ú haois. Cogaí idir tíortha saibhre an domhain agus na tíortha bochta a bheas iontu. Tarlóidh siad toisc an méadú as cuimse atá ag teacht ar dhaonra an domhain (féach an tuairisc ar leathanach 22) agus an tóir a bheas ar acmhainní atá gann.

Ba ghá, dar le Delors, Eoraip láidir — agus Arm Eorpach — a thógáil sa chaoi is go bhféadfadh an Eoraip í féin a chosaint ó éileamh na gcomharsana ocracha san Afraic agus ar an taobh thoir di.

Nó, dá dteastódh sé, d'fhonn na gabhálaí fhairsinge atá ag comhlachtaí Eorpacha san Afraic agus in áiteanna eile a chosaint. Aisling impiriúil don 21ú haois a bhí aige.

Bhí dul amú ar Delors. Ní tíortha saibhre amháin a bheas ag cur catha ar na bochtáin. Beidh páirt chomh tábhachtach céanna ag ollchomhlachtaí idirnáisiúnta san obair seo.

Cá bhfágann sin Éirinn agus an

saibhreas atá ar fáil di amach óna cósta? Díreach faoi mar a tharla le tionscal na hiascaireachta nuair a ghlac muid ballraíocht san EEC i dtús na 1970í, tá deiseanna móra á gcur amú againn arís.

An Iorua Stuama

CUIR AN dearcadh dearóil, déirc-each atá ag rialtas na hÉireann i gcomparáid leis an gcur chuige stuama, fadradharcach a bhíonn ag muintir na hIorua agus iad ag déileáil lena n-acmhainní nádúrtha.

Nuair a fuarthas ola amach ó chósta na tíre sin, chuir an rialtas thall a chomhlacht ola féin ar bun chun buntáiste a bhaint as. Tá Statoiil anois ar cheann de na himreoirí móra ar pháirceanna agus ar thonnta na hÉireann.

Ní hamháin sin, ach rinne rialtas na hIorua deimhin de go gcruthófaí oiread postanna is ab fhéidir as an saibhreas nua seo. Chuir sé coinníollacha dochta seirbhíse agus fostaíochta i bhfeidhm ar na comhlachtaí eachtrannacha a bhí sa tóir ar an ola.

Ar an gcaoi sin, d'éirigh leis an tír deich bpost ar an talamh tirim a chruthú in aghaidh gach ceann ar na rigeanna ola.

Níl tada mar sin déanta ag Éirinn. Níl aon cheangal curtha ar Enterprise Oil oibriú na hÉireannacha a fhostú; ina áit sin deir an rialtas go bhfuiltear ag iarraidh an comhlacht a "spreagadh" le hÉireannaigh a fhostú.

Níl aon bhuntáiste eacnamúil ar fáil ag Éirinn as an tochailt atá ar siúl ag an gcomhlacht sna farraigí thiar. Is as Albain a thagann chuile bhuilín aráin agus gach aon rud eile atá ag teastáil amach chuig an rig. Níl oiread is post nua amháin cruthaithe i bpoirt na hÉireann chun freastal air.

Agus má thugtar gás i dtír as 'Beirtreach na Coiribe', chuile sheans gur i dtancanna móra chuig port Albanach a rachaidh sé.

Agus cead ag Éireannaigh ansin an gás a cheannach, trí ghréasán Eorpach an gháis, ar phraghas a shocraíonn an margadh idirnáisiúnta.

Ullamh don Bhanríon

TÁ DUINE le ceapadh ina Ollamh le Léann Ceilteach in Ollscoil na Ríona, Béal Feirste. Tá ollúntacht le léann Ceilteach sa School of Modern and Medieval Languages in Ollscoil na Ríona cheana, ach níor ceapadh éinne in áit Ghearóid Stockman ó stríoc seisean na seolta tamall de bhlianta ó shin.

Tuigtear do *Cuiste* gur mian le foireann na Ceiltise béim a chur ar réimse na NuaGhaeilge san obair a bheidh ar siúl acu amach anseo. Maidir le húdaráis an choláiste, is dóichí gur mian leosan liosta téagartha foilseachán a bheith ag an té a cheapfar, agus flosc chun taighde air.

Bheadh sin ag teacht leis an bpolasaí atá ag Ollscoil na Ríona i láthair na huaire. Tugadh fógra scoir do 105 oide léinn le linn an tsamhraidh: easpa taighde ba chúis leis an gciorrú mór sin, de réir na hollscoile.

Meastar spéis a bheith ag duine atá ag léachtóireacht i gCúil Raithin faoi láthair sa bpost, agus ag duine atá in institiúid teangeolaíochta i mBaile Átha Cliath.

Maidir le daoine atá in Ollscoil na Ríona cheana, tá baol ann, dá gceapfaí duine díobh, go bhféadfadh sin folúntas léachtóireachta nach líonfaí. Ní chuirfeadh sin méadú ar an bhfoireann.

ar an gCeathrún Rua

TÁ LEABHARLANN NUA le tógáil ar an gCeathrún Rua. Is é Údarás na Gaeltachta a thóghas an foirgneamh, agus is í Comhairle Chontae na Gaillimhe a bheas ina



BRONNADH GRADAM Bhord na Gaeilge ar Stíofán Ó hAnnracháin ar na mallaibh mar aitheantas as ucht méid agus feabhas a shaothair ar son na Gaeilge le blianta móra anall. Rugadh Stíofán in iarthuaisceart Chiarraí agus tógadh i mBaile Átha Cliath é. Bhí sé ina chláraitheoir tráth ar Choláiste Phádraig, Droim Conrach, agus le linn dó a bheith sa Chló-chomhar d'oibrigh sé féin agus Tomás de Bhaldraithe, i measc daoine eile, as lámha a chéile. D'fhoilsigh Stíofán Ó hAnnracháin leabhair mhóra léinn le daichead bliain anuas: *Scéal na hIomána* le Liam Ó Caithnín, *Aisling Ghéar* le Breandán Ó Buachalla, agus *Beathaisnéis 1882-1982* le Máire Ní Mhurchú agus Diarmuid Breathnach. Go maire sé a ghradam.

tionónta ann agus í ag reachtáil na leabharlainne. "Luath seachas mall" a bheas an leabharlann ann, arsa urlabhraí de chuid an Údaráis: táthar ag fanacht le scéal faoin gcead pleanála. Buailte le hoifigí *Foinse* a bheas an

foirgneamh nua.

Tagann leabharlann taistil go dtí an Cheathrú Rua uair sa gcoicís i láthair na huaire. Suas le dhá scór duine fásta a bhíonn ag tarraingt ar an leabharlann ansin chomh maith le idir 85 agus 100 páiste. Seasann

an leabharlann taistil i gCasla, i Ros an Mhíl, ar an Tulaigh, sna Minna agus in Indreabhán chomh maith. I gCasla, baineann daoine faoi mhíchumas an-úsáid as na téipeanna fuaime a bhíonn le fáil ar iasacht ón leabharlann taistil.

Deir an Chomhairle Contae go leanfar le seirbhís na leabharlainne taistil nuair a bheas an leabharlann nua ar an gCeathrún Rua. Ní dóigh go mbeidh léitheoirí Chois Ferraige gan seirbhís mar sin. Tá leabharlann sa Spidéal freisin, agus is í an Chomhairle Contae atá ina bun ó 1963.

Tasc ná Tuairisc

NÍL TÁSC ar an tascfhórsa atá leis an nGaeltacht a

Ós ag caint ar an gCeathrún Rua muid . . .



Máirtín Ó Cadhain

"Teastaíonn a leithéidí de ghníomhra eile sa nGaeltacht. Láthair Thionscail i Ros an Mhíl cuir i gcás i lár Dheisceart Chonamara. Beidh cala tábhachtach ansin go goirid. Ar an áit seo is córa forás a dhul agus ní ar an gCeathrún Rua. Caithfear an phoilitíocht bhrocach atá ag iarra chuile rud a chlaona chun na Ceathrún Rua a chur ó rath."

Sliocht ón bpaimfléad Gluaiseacht na Gaeilge, Gluaiseacht ar Strae, 1969, le Máirtín Ó Cadhain (Le caoinchead Cló Iar-Chonnachta)



"Haló . . . Cuívneoir na Gaeltachta anseo . . ."

shlánú. "Tá na Francaigh ag teacht thar sáile," arsa an tseanbhean bhocht, ach an mbeidh na *marines* ag teacht i dtír gan aon rómhoill le scaipeadh a chur ar cheanntáilthe gan Ghaoluinn?


"Ní raibh i *Saving Private Ryan* ach cleachtadh," arsa Seán Spielberg, ag labhairt dó i stiúideo Chorman, ceannáras an chultúir Angla-Mheiriceánaigh i gConnachta. Meastar gur tigh Chorman a bheidh na *marines* ag cur fúthu.

Seo é tús an scéil: tionóladh comhdháil chinniúnach, chanúnach i gCathair na Mart, Co Mhuigh Eo i dtús na bliana. An clár: bás na Gaeltachta. An chuspóir: slánú na Gaeltachta. An réiteach: tascfhórsa. An t-aoi-chainteoir? An Cuívneach, an cuívneoir, fear cuívniithe na Gaeltachta.

Seo biadán a chuala *Cuisle*: gur fuíollach airgid i ndeireadh na bliana a spreag tionól na comhdhála. Ní fhéadfadh sé gur fíor sin, an bhféadfadh? Ach cá bhfuil an tascfhórsa?

An Teach Mór

TÁ SÉ ina scéal i mBoston agus sa Muileann gCearr le tamall gur ceannaíodh teach mór an Spidéil, Co na Gaillimhe – Tigh Bhuckley mar is fearr



"NEAMHCHÓNAITHEACH, A DHUINE UASAIL?"

aithne air, áras uaisle Gall fadó. Cé nach bhfaca *Cuisle* an seic, siad clann Dhónaill Standún agus a dheirfiúire Deirbheall atá air, más fíor dár gcomhfhreagraí idirnáisiúnta. Tá seilbh na hoidhreacht ag na Gaeil arís. Gura fada buan iad: is é fillleadh na ngéabha fiáine ón Spáinn é tar éis saoire na Nollag.

Blurb, Cróitis agus Leabhra Nua

GEARRINSEACHT BHEOGA ar scéalta ón mBíobla atá i n*Dea-scéala*, ceann de na leabhra a foilsíodh le déanaí. Is í Caitríona Hastings a chóirigh na scéalta. As Tír Eoghain do Chaitríona, í i gCathair na Mart anois.

Is fada ó Chathair na Mart a tógadh Kruschev, fear ar leathbhróig i leabhar nua gearrscéalta Ghabriel Rosenstock, *Bróg Khrushchev*. Ar gá blurb 200 focal ar an leathanach cúil? Clúdach le Johan Hofsteenge.

"Leabhar mhór Mhaigh Cuilinn" a thug Pádraic

Breathnach ar *as na cúlacha*, úrscéal. Go Sasana a théann bóthar Mhaigh Cuilinn. Clúdach cruu, agus 288 leathanach. Blurb Béarla le Gabriel Rosenstock. Tuilleadh blurb Gaeilge – le hAlan Titley?

Is le Declan Kiberd an blurb ar chúl *Fourfront, stories from the Irish* le Micheál Ó Conghaile, Pádraic Breathnach, Alan Titley agus Dara Ó Conaola (níl Rosenstock sa leabhar áirithe seo). And there is a lesson here: that those who translate a tradition may ultimately do more to defend and develop it than those who put the relics of a 'folk past' into glass cases. Aistreofar an blurb go Cróitis.

Is leabhar mór mursanta cruuGhaeilge í *Fáinne an Lae agus an Athbheochan*, Caoilfhionn Nic Pháidín. 'Micreacasm den fhlosc luath-athbheochana' – aistrigh sin go Cróitis, a bhuachaill. 236 lth, £15, seacht gclach meáchain. Agus ag seo, a léightheoir dhil, mír arna baint as an leabhar réamhráite:



Brian Ó Baoill, údar *Sútha Talún*

'Eadrainn féin, ní fuláir dúinn admháil gur lia caogad uair tosnuitheoirí ná leantóirí na Gaedhilge. Is mór an t-at dogníd na tosnuitheoirí sin ar bhuidhin na Gaedhilge, acht is lag an cunnamh a thugaid siad don chúis, óir imthighid siad sul a mbíonn cunnamh ar a gcumas.' *Plus ça change*.

Sútha Talún is ainm do leabhar nua drámaí le Brian Ó Baoill. Cúig dhráma ghairide cóirithe do dheagóirí sinsearach a d'oirfeadh do chompántas dara nó tríú leibhéal. Ní cruuGhaeilge mhursanta atá ann. Níor aistríodh go Cróitis iad.

An Duais Nár Bronnadh



DESMOND JOHNSON

MÍ MHEÁN FÓMHAIR, is mé sa Cheis, Co. Fermanach, chuir mé ceist ar bheirt iascáirí ó Bhéal Feirste a tháinig le Loch Éirne a thriail. Dá scaradh Typhoid Mary í féin amach ó sna daoine dá toil féin, an bhfaighfeadh sí gloine te a ól sa Teach Bán? Nó an mbronnfaí duais leighis Nobel uirthi? Féach an maítheas a bheadh déanta aici don domhan mór: deireadh leis an dtinneas is an mbás a raibh sí féin páirteach iontu. Nach fiú duais an méid san?

Mmm, arsa duine díobh, I see what you mean. Freagra slán sábháilte, ní hionann agus an cheist.

Ní magadh an t-aon rud a bhí ar m'aigne an t-am ud. Bhí ré na nduaiseanna Nobel ag druidim linn. Seans go mbeadh an Tuaisceart ar an gclár arís. Ach ag an am céanna, b'fhéidir go ndearna mé faillí ar Typhoid Mary bhocht.

Cérbh í Typhoid Mary? Is cé hiad a slíocht spioradálta inniu?

Mary Mallon a bhí uirthi, Éireannach a rugadh tuairim is 1870. Nuair a d'fhág sí an baile, ba go New York City na bpolaiteoirí is na bpóilíní a sheol sí, áit ar bhain sí droch-chlú amach, áit ar chaith sí deireadh a saoil go huaigneach.

Cócaire ab ea í. Agus sláinte an bhradáin aici. Ach ní mar san do go leor eile ina timpeall. Bhais an tíofas amach i New York tuairim is 1900. Níor samhlaíodh baint ar bith a bheith ag Mary leis sin. D'aistrigh sí ó phost go post minic go leor. Ach nuair a bhí tuairim is leathchéad buailte le tinneas is ceathrar marbh, thosaigh an bhleachtaireacht i ndáiríre.

Tá tóraíocht Mhary ar cheann de sna heachtraí is cáiliula i stair na hepidimeolaíochta, bleachtaireacht a deintear amuigh sa phobal is ní sa tsaotharlann. Tar éis dó labhairt le

formhór na ndaoine ar bhuail an tinneas iad, facthas don epidimeolaí George Soper gur ith siad uilig bia í lion beag bialanna. Is bhí Mary fostaithe i ngach ceann díobh nuair a d'ith na daoine bochta an bia mífholláin.

Níor rugadh ar an mbean bhocht go dtí 1907. Um an dtaca seo, ba cause célèbre a cás. Bhí a hainm sna nuachtáin. Thug duine de nuachtóirí Hearst Typhoid Mary uirthi. Is bhí a fhios aici go rabhthas ar a tóir: nuair a gabhadh í, bhí sí i bhfolach taobh thiar de channáí bruscair.

Iompróir ab ea Mary, 'sé sin, bhí orgánach an tíofas inti ach í féin saor ón ngalar. Is bhí sí flaithiúil leis an orgánach céanna lena lámha is lena a casacht. Ní raibh leigheas dí ann an t-am ud. Amhail príosunaí ciontaíthe, cuireadh iachall uirthi cónaí ina haonar ar oileán beag san East River.

D'Than sí ann, in aghaidh a tola, go dtí 1910, uair a scaoileadh saor í ar ghéarchoinníollacha a háiríodh go mion. Ach ba chuma le Mary is níor bhac sí le coinníollacha. Seoladh thar n-ais dá tigin aonarach í i 1915. Coimeádadh ann í go bhfuair sí bás i 1938.

Tá uafás go leor sa scéal san. Is ceisteanna móra. Cearta an duine nó sábháilteacht an phobail? Sa lá atá inniu ann, tá brí leis na ceisteanna san go fóill. Tá an eitinn doleigheasta ag forbairt, is beidh AIDS ar an saol ar feadh tamaill go fóill. Gan trácht ar Ebola is a leithéid. Tá go leor drugaí ar fáil anois, ach tá a n-éifeacht ag dul i laige de bharr mí-usáide. Is tá na dlíthe ag éirí níos daingne i gcoinne an duine aonair i leithéid na gcás san. Seans go mbeidh Typhoid Mary eile i ngéibhinn amach anso.

I gcursaí polaitíochta na hÉireann, tá

féidir liomsa plé le bac ar chearta an duine nó chearta na meán anso, le cumhacht na ngardaí is na gcuirteanna. Ná leis an dtionchar atá orthu san ar na trioblóidí aduaidh.

Ach nuair a chuala mé gur bronnadh duais Nobel ar Hume agus Trimble, cheap mé go raibh freagra agam ar cheist a bhí agam i dtosach: an bhfaighfeadh Mary Mallon duais Nobel? 'Séard do bhí ar aigne agam ná go raibh an oiread san fáilte roimh Gerry Adams anso i Meiriceá nach mbeadh ionadh orm dá bhfaighfeadh sé duais Nobel de bharr gach a rinne sé ar son na síochána. Ach ní bhfuair.

Rith sé liom ansan go raibh fadhb leis an meafar a cheap mé.

Ní hionann Adams is Typhoid Mary. Má leantar leis an meafar, déarfainn go raibh Adams tinn uair sa tsaol. Is go bhfuil sé ar shlí a shláinte anois.

Ach Trimble? B'fhéidir gur cosúla eisean le Typhoid Mary! Leis na lámha glana, gan rian pudair ná Semtex orthu! Ní raibh sé tinn riamh sa tslí chéanna le hAdams. Ach arbh iompreoir é Trimble? Is an bhfuil an leigheas ceart aige anois? B'fhéidir é!

Chuala mé beirt Lochlannach ar an raidió sular bronnadh an duais. Níos luaithe i stair na duaise, ní bronnfaí í ach ar dhaoine a raibh a gcuid oibre críochnaithe acu. Ar nós críos sábhála a chaithfí chuig fear a tháinig slán ón bhfarraige is atá anois ar an gcladach, sin a duirt Shaw faoin nós san, uair. Ach d'fhoghlaim coiste na duaise rud, is anois bronnatar duaiseanna le cabhrú le daoine an sprioc a bhaint amach.

Go n-éirí an t-ádh leo. Is go raibh suaimhneas ag Mary Mallon.



Ciníochas beo beathac

South Africa's black majority is increasingly restless at the slow pace of change since apartheid was overthrown in 1994. Racism is still very much a part of daily life, as **Audrey Ní Fhearghail** discovered when she travelled there last summer.

TÁ AN Afraic Theas ar bhóthar na síochána — agus ar bhóthar an chneasaithe — ó 1994, tráth ar bhain móramh an phobail saoirse ón mionlach a bhí sa mhullach orthu. Ní bóthar réidh atá ann, más ea: ar mo thaisteal dom tríd an tír i gcaitheamh an tsamhraidh d'airíos féin cé chomh deacair atá an obair chneasaithe seo. Tá easpa iontaobhais le braith ar 'na haon taobh fós agus an pobal an-mhíshocair, mífhoighneach agus míshásta faoin moill ar fheabhsuithe ina shaol.

Is suntasach, mar sin féin, na hathruithe atá tarlaithe cheana féin ar shaol an chine ghoirm sa tír. Tá na fógraí deighilte imithe, agus ardluach anois ar leithéid *Whites Only* i measc bailitheoirí.

Tá cead ag daoine gorma dul in aon áit gan cárta aitheantais. Níl orthu a bheith sa mbaile roimis a sé a' chlog tráthnóna. Tá cead acu anois dul go dtí tránna, scoileanna, suí ar bhínsí páirce, dul ar bhusanna nó leithrisí a úsáid a coinníodh don nduine geal amháin san am atá thart.

Is mór na leasuithe iad cinnte, ach níl an tsaoirse seo tar éis comh-ionannas a thabhairt dóibh go hiomlán go fóill. Is éasca dlí a athrú ná sícé agus meon na ndaoine, agus is baolach go dtógfaidh an t-athrú san — an ceann is tábhachtaí ar fad b'fhéidir — tréimhse an-fhada.

Is deacair an tsean-nósmhaireacht a bhriseadh, agus tá an chinedheighilt fós i réim, go minic níos treise fán dtuath ná sna cathracha. Thugas faoi deara in oifig an phoist i mbaile beag, gur shiúil bean gheal aosta díreach thairis scuaine daoine gorma, cruinn díreach go dtí an cúntar gur dhein sí a gnó mar ba ghnách léi.

Ghlac an chuid eile lena hiompar. B'in mí Iúil 1998.

Grianghraf: AUDREY NÍ FHEARGHAIL

(Ar chlé) Uaibhreas i dteach na mbocht . . . máthair agus beirt clainne i Soweto. Paicéid fholmha siólbhláth atá mar mhaisiú ar an bhfalla. (Ar dheis) Aoire óg fán dtuath



Fógra leithris gar do Cape Town. Tá na fógraí seo coitianta san Afraic Theas

Daoine a chaith a saol ag umhlú don gcine geal agus iad féna gcuid sotail, ní féidir a bheith ag súil gur féidir leo a bheith ábalta seasamh suas dóibh féin is gan iad cleachtach ar a leithéid.

Ar an taobh eile de, ní bhfaighfeá aon duine geal anois a d'admhódh go poiblí gur thacaigh siad leis an gcinedheighilt. Ach tá go leor acu lán den gcíníochas go fóill. Dúirt bean amháin liom faoin gcine gorm go raibh sé "scannalach na daoine dúra seo gan oideachas a bheith á riaradh". Bhí uafás agus fearg uirthi.

Bhuaileas le fear óg — Éireannach — atá ag obair thall, agus d'inis sé dom féna thuras isteach i bpub fén dtuath lena chailín gorm. Leag triúr fear a bhí taobh leo a ngunnaí ar an mbord lena ndrochmhéas a chur in iúl.

Tá eagla ar go leor daoine geala, agus mórán díobh ar a dteitheadh ón tír ar fad. Is beag dóchas atá acu i dtodhchaí na hAfraice Theas. Ceapann siad go bhfuil an tír imithe ó smacht, agus gan an stiúir faoina lámh féin níos mó.

Tá fadhbanna móra le sárú ag an tír fé láthair. Tá an leibhéal coiriúlachta fíochmhar, agus eascraíonn go leor de san as éadóchas, mífhoighne, agus drochstaid na mbochtán.

h san Afraic Theas fós

Dúirt fear amháin gur beag clann gheal nach raibh bagairt an dúnmharaithe orthu. Tá gunnaí sách flúirseach agus baintear go leor úsáide astu. Is fuirist teacht ar AK47. Ó thuaidh in Éirinn, tá na saighdiúirí ag baint na gclogad díobh féin in am na síochána, ach a mhalairt de scéal atá san Afraic Theas. Tá méadú ar na barraí iarainn ar na fuinneoga, geataí móra leictreacha, fir slándála, gunnaí . . . agus sin i gcomhair tithe

príobháideacha.

Ó thaobh na heacnamaíochta de, níl an Afraic Theas róshláintiúil fé láthair ach an oiread. Tá luach sách íseal ar an *rand*, rud nach bhfuil go maith ach dosna turasóirí. Tá meascán mearaí sa tír idir na tionscail nua-aoiseacha sna ceantair forbartha agus an talmhaíocht atá bocht agus gan forbairt air.

Go bunúsach, is meascán atá ann idir an chéad agus an tríú domhan. Is ait an rud taisteal ar bhóithre iontacha ó cheann ceann na tíre agus gach aon taobh díot tá daoine beo bocht ag stráicil leo ar éigean.

Tá dul chun cinn agus saibhreas an chéad domhain acu de dheasca oiread san acmhainní nádúrtha a bheith sa mhiana-dóireacht agus an

f l ú i r s e
oibrithe ar
phá íseal.
Ach is
b e a g
airgead a
théann i
dtreo na
mbocht,

agus a bhformhór ar bheagán oideachais leis. Fén dtuath, tharlódh suas le 60 dalta a bheith in aon rang agus go minic gan na múinteoirí iad féin sách oile.

Tá na daoine mífhoighneach agus go leor díobh ag éirí bréan de Nelson Mandela anois. Ceaptar go mbíonn sé rófhlaithiúil leis na daoine geala agus go bhfuil saol chomh sona acu agus a bhí riamh.

TRÍ MHILLIÚN DUINE atá ina gcónaí i Soweto, township i Johannesburg. Bhí Soweto agus na townships eile mar chuid lárnach den dtroid in aghaigh na cinedheighilte. Ach is beag feabhas atá tagaithe ar shaol na ndaoine seo.

Tá roinnt tithe a bhfuil dealramh leo ag na daoine atá ag déanamh go maith dóibh féin. Ach maidir le formhór na ndaoine, is botháin suaracha aonseomra atá acu mar dhídean, gan leictreachas iontu, uisce ná leithris.

I mbothán amháin, chonac paicéid fholmha síolbhláth mar mhaisiú ar na fallaí. Níl an rialtas ag iarraidh an áit a réiteach de bharr nach bhfuil iontu ach áiteanna sealadacha, ach is cur i gcéill é sin fén am seo.

Anuas ar na dúshlán mhóra atá rompu amach, beidh toghchán i 1999. Beidh go leor ag brath chomh maith ar an gcomharba a bheidh ar "athair an náisiúin", Nelson Mandela.

Tá riachtanaisí bunúsacha de dhíth ar na milliúin, agus braithfidh go leor ar an bhfoighne atá acu san. Ní féidir más ea an teannas agus an t-aighneas a sheachaint.

Scaoileadh saor 9,000 cimi roimh a ré ar bhreithlá Mhandela, ach do mharaigh beirt acu lánúin gheal ar a bhfeirm an lá céanna. Bhí sé ina raic dá bharr.

Tá achrann agus foréigean i KwaZulu/Natal idir an ANC agus an Inkatha Freedom Party. D'fhreastail Chief Butheleizi ar chruinniú de chuid an ANC le déanaí, agus is ábhar dóchais é do dhaoine go mb'fhéidir go n-aontódh an dá pháirtí le chéile.

Mórmhuinín atá de dhíth ar gach aon taobh sa tír, maraon linn féin.

Leanaí ag iniúchadh na dturasóirí i Soweto.

BHÍ LÁNÚIN ann tráth, darbh ainm Peigín agus Peadar. Bhí siad bocht agus bheartaigh Peadar imeacht ón mbaile le obair a fháil mar spailpín. Fuair sé obair le feilméara. Ag deireadh gach tréimhse seacht mbliana, d'impigh an feilméara ar Pheadar fanacht go ceann tréimhse eile, sa gcaoi is go raibh trí thréimhse seacht mbliana curtha isteach aige faoin am gur bheartaigh sé filleadh abhaile arís.

Sular imigh sé, rinne bean an fheilméara cáca mine buí dhó agus mheasc sí an t-airgead a bhí tuillte aige isteach sa gcáca. Ansin chuir an feilméara trí chomhairle air.

An chéad chomhairle a chuir sé air: "Más cam díreach an bóthar 'sí an tslí mhór an t-icearra."

An dara comhairle: "Ná codail i dteach a bhfuil seanfhear pósta ar bhean óg."

An tríú chomhairle: "Ná déan aon rud faoi dheifir a mbeadh aiféal ort ar ball faoi."

D'imigh Peadar leis, ach bhí bealach fada le gabháil aige. Tháinig sé go dtí crosbhóthar, áit a raibh cóngar ann. Bhí sé ar tí an cóngar a leanacht nuair a chuimhnigh sé ar an gcéad chomhairle. Tamall ina dhiaidh sin fuair sé amach go raibh gadaithe ar an gcóngar seo.

Píosa eile chun cinn tháinig sé chuig doras ag lorg lóistín oíche ach nuair a d'oscail bean óg



Antaine Ó Faracháin

an doras agus nuair a chonaic sé seanfhear cois tine chuimhnigh sé ar an dara comhairle agus níor fhan sé ann. An oíche sin mharaigh an bhean óg an seanfhear agus thuig Peadar go raibh an t-ádh leis arís.

Faoi dheireadh shroich sé a theachín beag féin ach nuair a bhreathnaigh sé isteach an doras chonaic sé fear agus féasóg fhada air ina luí ar an leaba le Peigín. Bhí sé ar tí an fear a mharú le tua nuair a chuimhnigh sé ar an tríú comhairle agus stop sé a lámh.

Agus is anseo a thosaíonn an t-amhrán. Sé an rud atá ann an comhrá a tharla idir Peigín agus Peadar ag an bpointe seo ina bhfaigheann sé amach gurb é a mhac féin a bhí ar an leaba. "Tá scór bliain caite ó d'fhág tú mo thigh," a deir Peigín ag míniú an scéil dó.

Agus ansin, le críoch dheas a chur leis an scéal gearrann Peigín an cáca agus tagann sí ar an airgead atá istigh ann. "Tá an cáca seo a't lán de ghineachaí buí."

Anois, cé a dúirt go mbíonn na hamhráin ar fad brónach?

Peigín 's Peadar

"A Pheigín na gcarad 's a Pheigín mo chroí,
Cé hé an fear fada údan sínte leat síos?"

Ó a hó, a mhaithín ó, ó a mhaithín ó, a stóirín mo chroí."

"A Pheadair na gcarad 's a Pheadair mo chroí,
Sin é do leanbh nach bhfaca tú riamh."

"Muise shiúil mise thoir agus shiúil mise thiar,
Ach féasóg ar leanbh ní fhaca mé riamh!"

"Muise a Pheadair na gcarad 's a Pheadair mo chroí,
Tá scór bliain caite ó d'fhág tú mo thigh."

"A Pheigín na gcarad 's a Pheigín mo chroí,
Éirigh i do sheasamh 'gus réitigh greim bídh."

"Ach a Pheadair na gcarad 's a Pheadair mo chroí,
Níl ins an teach agam greim mine buí."

"S a Pheigín na gcarad 's a Pheigín mo chroí,
In íochtar mo mhála tá cáca mine buí."

"Muise a Pheadair na gcarad 's a Pheadair mo chroí,
Tá an cáca seo a't lán de ghineachaí buí."

"S a Pheigín 's a mhaicín suífídh muid síos,
Ní fhágfad an baile chúns mhairfeas mé arís."

AMHRÁN É seo a thairníonn le go leor daoine. Tá seanchas an-deas ag baint leis agus tá sé ar fáil ar an gceirnín a chuir Seosamh Ó hÉanaí amach sa mbliain 1963 dar teideal *Joe Heaney, Irish Traditional Songs in Gaelic & English* (Topic 12T 91), agus ar *Seosamh Ó hÉanaí, sraith 2, Ó mo dhúchas* (Gael-Linn, CEF 051), atá atheisithe le deireanas ar dhlúthdhiosca. Níl véarsa 4 mar atá thuas ar cheachtar den dá thaifead seo agus níor airigh mé duine ar bith eile á chasadh ach Peadar Ó Ceannabháin, an duine a thug dhomsa é. Véarsa tábhachtach atá ann i gcomhthéacs scéal an amhráin.



Más mian leat abhar a chur faoi bhráid Antaine nó críost a ardú leis faoina bhfuil ráite, cuir ríomhphost chuige ag cuisle@tinet.ie nó seol nóta isteach chuige faoi chúnam Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe.

Chaith **Diarmuid Johnson** súil ar thorthaí na gcomórtas liteartha

Ní féile náisiúnta atá san Oireachtas ach féile do lucht na hardchathrach

An bhfuil éinne ag scríobh sa Ghaeltacht?

Is i mBaile Átha Cliath atá cónaí ar bhunáite na scríbhneoirí a fuair duais liteartha san Oireachtas i mbliana. Níl ach duine nó beirt de na buaiteoirí ina gcónaí i nGaeltachtaí Chonnacht agus Dhún na nGall, agus duine i nGaeltacht Chiarraí. Níor bronnadh duais ar dhuine ar bith sna Sé Chontae.

IS SCRÍBHNEOIRÍ a bhfuil a n-ainm in airde a thug leo sciar mhór de dhuaiseanna liteartha an Oireachtais i mbliana. Alan Titley – cnuasach gearrscéalta (£1000);

Máire Mhac an tSaoi agus Máire Mhic Conghail – “saothar próis” (£2000); Siobhán Ní Shúilleabháin – dráma do pháistí rang a 4-6 (£150); Nuala Ní Dhomhnaill – cnuasach filíochta (£1000); Iarla Mac Aodha Bhuí – cnuasach gearrscéalta do dhéagóirí (£1000); Máirín Nic Eoin – athinsint ar sheanscéal (£250); Éilís Ní Dhuibhne – dráma ilghníomh (£500); Pádraig Ó Cíobháin – gearrscéal (£300).

Féach gur i mBaile Átha Cliath atá formhór na ndaoine sin lonnaithe. Scríbhneoirí cathrach mar sin iad buaiteoirí na bliana seo. Is é an Cíobhánach an t-aon duine díobh a bhfuil seoladh faoin tuath aige. Is ceart Ciarraíoch eile a áireamh ar lucht na tuaithe: Maidhc Dainín Ó Sé, bunleabhar do dhéagóirí, duais (£250) a roinneadh idir é agus Claire Dagger, cathair na Gaillimhe.

Comórtais Liteartha do Dhaoine Óga

Contae	Líon na nDuaiseanna
Muigh Eo	3 (Béal an Mhuirthead)
Gaillimh	9 (Indreabhán, An Spidéal, Inis Oírr)
Dún na nGall	2 (Na Gleanntaí, Ard an Rátha)
Baile Átha Cliath	2
Corcaigh	1 (Ovens)
Clarraí	1 (An Daingean)
An Bheilig	1

Seachas triúr, is scríbhneoirí as na contaetha Gaeltachta a bhuaigh duaiseanna liteartha na ndaoine óga (faoi 16, faoi 21). Sin iad Carina Ní Chiaráin, Muigh Eo (£200); Monica Ní Ghacháin, Muigh Eo (£100); Dáire Ó hAinmhíre, Gaillimh (£150); Naoise Ó Conaola, Gaillimh (£150); Deirdre Ní Dhroighneáin, Gaillimh (£200); Siobhán Nic an tSíthigh, Chiarraí (£200); Laoise Ní Thuairisg, Gaillimh (£100); Lauren Ní Bhloscaidh, Gaillimh (£50); Antoine Ó Raghallaigh, Muigh Eo (£100); Cormac Mac Cárthaigh, Corcaigh (£50); Ciarán Ó Concheanainn, Gaillimh (£50); Ciarán Ó Tuathail, Gaillimh (£250); Cróna Ní Riagáin, Dún na nGall (£150); Fionbar Ó Baoill, Dún na nGall (£250); Gearóid Ó Dubhghaill, Gaillimh (£150); Siobhán Ní Fhlatharta, Gaillimh (£150). Is iad an triúr eile: Aifric Mac Aodha, Co Átha Cliath (£200); Orna Ní Choileáin, Baile Átha Cliath (£100); Ailleann Ní Ruairc, An Bheilig (£100).

Is díol suntais gur éirigh le triúr as ceantar Bhéal a' Mhuirthead gradam a thabhairt leo. Rinne scríbhneoirí óga Chonamara cat is dhá dhrioball: thug siad leo leath na nduaiseanna, sin naoi gcinn.



Sha-men na Gaeilge

MACNAS mor an sha-nóis i dTrá Lí oíche Shamhna. Níos seo na cantaireachta oíche Shamhna. tá sé ann leis na mílte bliain, ach más clócaí fada a bhíodh ar na draoithe agus na seanfhili fadó, jeans agus b'fhéidir corrtie a bhíonn ar na sha-men agus ar na sha-mhná ag Corn Uí Riada, príomhchomórtas amhránaíochta na féile.



Eagarthóir Foinse, Breandán Delap agus Eagarthóir Stiúrtha Nuachta RnaG, Áine Ní Dhioraí, beirt a bhain dhá phríomhdhuais iriseoireachta ag an Oireachtas

Tríocha sé duine a rinne moltóireacht ar chomórtaisí liteartha an Oireachtais. Is i mBaile Átha Cliath atá cónaí ar 26 duine díobh. Fágann sin gur i mBaile Átha Cliath atá cónaí ar fhorhmór mór na moltóirí agus na mbuaiteoirí araon.

Níl duaisbhuaiteoir ar bith as Conamara ann i mbliana. Bhain Brian Ó Baoill dhá dhuais: is as Co. Thír Eoghain ó dhúchas do Bhrian ach go bhfuil sé fréamhaithe i gConamara anois. Bhain Siobhán Ní Shúilleabháin, cathair na Gaillimhe, dhá dhuais freisin.

Ar an gcuma chéanna, níl seoladh Conallach ag duine ar bith de na buaiteoirí sa liosta a d'eisigh an tOireachtas.

Beirt de bhuaiteoirí na nduaiseanna móra atá lonnaithe i gConamara – Breandán Delap, iriseoireacht chlóite (£1000); Áine Ní Dhioraí, iriseoireacht raidió, (£1000) – is Conallaigh iad. Is í Anna Heusaff, Baile Átha Cliath, a bhain an duais don iriseoireacht teilifíse (£1000).

Tá sé i gceist ag Conradh na Gaeilge athrú a chur ar fhéile an Oireachtais. Is dóichí mar sin gur faoi Bhealtaine a bheidh chéad deireadh seachtaine na féile i 1999. Is i mBaile Átha Cliath a bheidh an ócáid sin “ar bhonn triallach”. Is féile deich lá atá san Oireachtas faoi láthair, agus 138 imeachtaí éagsúla ann. Deir stiúrthóir na féile, Liam Ó Maoladha gur féidir le daoine taisteal go Baile Átha Cliath agus ar ais abhaile in aon lá amháin, rud nach bhfuil fíor faoi chór dhá scór ban ag dul go hOireachtas Thrá Lí, mar shampla.

“Ar bhealach is féile ar leith atá sa gcéad deireadh seachtaine,” arsa Pádraig Mac Fhearghusa, leaschathaoirleach. Ar na príomhimeachtaí a bhíonn ann an chéad deireadh seachtaine tá Scléip na hÓige, agus is ann a chuireann an óige a gcuid drámaíochta agus ceoil i láthair.

Cé hiad na Moltóirí?

Seo thíos liosta na ndaoine a rinne moltóireacht ar na comórtaisí liteartha.

Cnuasach Gearrscéalta: Seán Ó Cearnaigh, BÁC; Máirín Nic Eoin, BÁC. **Saothar Próis:** Aodh Ó Canainn, BÁC; Daithí Ó hÓgáin, BÁC. **Dráma Ilghníomh:** Tomás Mac Anna, BÁC. **Drámaí éagsúla do dhaoine óga:** Máire Ní Mháille, Conamara.

Script Teilifíse: Micheál Ó Meallaigh, Gaillimh.

Gearrscéal: Eoghan Ó hAnluain, BÁC; Caoilfhionn Nic Pháidín, BÁC. **Filíocht:** Bríona Nic Dhiarmada BÁC; Máire Mhac an tSaoi, BÁC. **Filíocht i Stíl Thraidisiúnta:** Dónall Ó Cuill, BÁC; Liam Mac Con Iomaire, BÁC. **Stair**

Chonradh na Gaeilge: Bríd Heusaff, Conamara; Seán Mac Mathúna, BÁC. **Comórtas Chomhaltas Uladh:** Máire Uí Ghógáin, BÁC. **Comórtas an Chraoibhín:** Breandán Ó

Conaire, BÁC. **Innealtóireacht:** Liam Ó Broin, BÁC.

Acadamh na Lianna: an Dr Roibeárd Ó Cuinn, BÁC.

Iriseoireacht Chlóite: Íte Ní Chionnaith, BÁC; Cathal Mac Coille, BÁC. **Iriseoireacht Chraolta Raidió:** Nollaig Ó

Gadhra, Conamara; Micheál Ó Mórdha, Ciarraí.

Iriseoireacht Chraolta Teilifíse: Proinsias Ní Ghráinne, Conamara; Seán Ó Cuirreáin, Conamara. **Ábhar do**

Dhéagóirí: Gearóid Denvir, Conamara; Máire Nic

Mhaoláin, BÁC. **Duais Chumann Lúthchleas Gael:**

Micheál Mac Giolla Easbuic, Dún na nGall. **Ábhar**

Léitheoireachta d'Fhoghlaiméoirí: Máire Uí Mhaicín,

BÁC. **Dráma aonmhír:** Bríd Ní Neachtain, BÁC. **Athinsint**

ar Sheanscéal: Áine Ní Ghlinn BÁC; Clíodhna Cussen,

BÁC. **Daoine Óga - aiste:** Cynthia Ní Mhurchú, BÁC.

Scéal, agus Iarracht Filíochta: Gabriel Rosenstock, BÁC.

Amhrán: Colm Mac Séalaigh, BÁC.

Nuair a chuirfear an t-athrú ar an Oireachtas, is féile ceithre chuid a bheidh ann má chuirimid bronnadh na nduaiseanna liteartha san áireamh, agus an taispeántas ealaíne. Is i mBaile Átha Cliath a bheidh trí chuid den cheithre chuid sin.

“Theastódh foireann níos mó ón Oireachtas,” arsa Ó Maoladha. Beirt atá ann i mbliana. Is í Caitríona Bhreathnach an dara duine. Téann na mílte chuig an bhféile, agus freastal le déanamh orthu. Is iad figiúirí na bliana 1994 is cruinne: bhí 13,000 cuairteoirí sa Rinn le linn na féile an bhliain sin, agus bhí súil le foiread chéanna i dTrá Lí i mbliana.

“Easpa airgid” is cúis leis an easpa foirne, arsa Ó Maoladha, agus táthar ar aon intinn sa gConradh go dteastaíonn foireann níos mó.

Tá sé ina chumarsáid idir an tOireachtas agus an Chomhairle Ealaíon agus An Roinn Ealaíon, Cultúir, Gaeltachta agus Oileán faoi mhaoiniú na féile, agus dóchas ann go dtiocfaidh feabhas ar an scéal.

Oireachtas na Leabhar

“DÍOLADH NÍOS mó leabhar ag an Oireachtas i dTrá Lí i 1982 ná a díoladh ag Oireachtas ar bith ó shin,” arsa

Pádraig Mac Fhearghusa, duine de leaschathaoirleigh an Oireachtais. Luach £2,500 a díoladh i 1982.

Bhí súil ag coiste Thrá Lí go mbeadh sciob sceab ar leabhair ag Oireachtas '98 arís.



Bronnadh duais £250 ar **CHARINA NÍ CHIARÁIN** i gcomórtas na n-aistí do dhaoine oga. Tá Carina sé bhliana déag, agus is as Carn, Béal a' Mhuirthead, Co Mhuigh Eo di. D'fhoghlaim sí a cuid Gaeilge ar an scoil náisiúnta sa gCorrloch, agus tá sí sa gcúigiú bliain i Scoil Mhuire, Béal a' Mhuirthead anois. Cuid de thogra idirbhliana a bhí san aiste: ábhar díospóireachta a reitigh sí i bpáirt le Caitlín Nic Amhlaoidh agus Louise Ní Mhéalóid. Chomh maith le bheith ina scríbhneoir, is breá le Carina peil Ghaelach, sacar agus cispheil. Seo sliocht as an aiste a scríobh sí.

1984 BHÍ COMHDHÁIL i mBaile Átha Cliath inar pléadh fadhb an chiníochais in Éirinn. Bhí grúpa mac léinn ón tSiombáib ag an gcomhdháil a rinne gearán faoin drochíde fhisiciúil agus béil a tugadh dóibh in Éirinn. Rinne siad a ngearán le Comhlámh, grúpa daoine a chaith tréimhse ag obair go deonach sa Tríú Domhan. Níor chuir an gearán ionadh ar bith ar mhuintir Chomhlámh. Cúpla mí roimhe sin diúltaíodh cead isteach i gclub do bhaill an ghrúpa mar gheall go raibh siad in éineacht le daoine den chine gorm.

Ag an gcomhdháil chéanna rinne

DESIDERATA

*Chomh fada agus is féidir gan ghéilleadh
bí cairdiúil le cách
Inis an fhírinne mar a fheictear duit i go
ciúin agus go soiléir;
agus éist le daoine eile; fiú leis an daoi
agus leis an aineolaí;
Tá a scéal féin acusan, leis.
Ma dhéanann tú tú féin a mheas le hais
daoine eile,
seans go n-éireoidh tú uaibhreach nó
searbh;
óir i gcónaí beidh daoine ann
níos fearr agus níos measa ná tú féin*

Carina Ní Chiaráin's winning entry in the Oireachtas literary awards

An Ciníochas in Éirinn

mac léinn ón Tansáin cur síos ar an deacracht a bhí aige árasán a fháil toisc é a bheith gorm. Léiríonn samplaí mar seo go bhfuil claonadh i gcoinne ciníocha ón iasacht go forleathan in Éirinn. Ní haon ionadh gur bunaíodh an *Irish Council for Overseas Students* i 1970 chun déileáil leis na fadhbanna a bhíonn ag mic léinn ón iasacht maidir le lóistín agus árasáin a fháil.

Tá meon scoilte againn i leith ciníocha eile in Éirinn. Ar thaobh amháin táimid fial, déirceach maidir le cúnamh a chur go dtí an Tríú Domhan. Ach nuair a thagann daoine aonair ón Tríú Domhan chugainn is minic gur doicheall a bhíonn rompu. Seol airgead chucu agus cuirfimid ár gcoinsias chun suaimhnis – seachnaíonn súil ní nach bhfeiceann, sin í an fhealsúnacht atá ag muintir na tíre seo.

Agus tá an meon céanna againn nuair is cáil agus gradam idirnáisiúnta atá i gceist ag na Cluichí Oilimpeacha. Táim ag smaoineamh ar Francie Barrett in Atlanta. Ba chuma linn gur de threibh na dtincéirí é Francie mar bhí seans ann go bhfillfeadh sé abhaile ó Atlanta le bonn Oilimpeach chugainn agus go dtuillfeadh sé cáil agus gradam dúinn. Bhí muid sásta gan aon deighilt a dhéanamh fhad is a bhí an seans ann go bhfillfeadh Francie abhaile faoi onóir. Bhí dlí amháin do Francie nuair a bhí sé ina thincéir i nGaillimh ach dlí eile ar fad dó nuair a bhí sé ina lúithnire in Atlanta.

NÍL NUACHTÁIN na tíre seo ag feidhmiú chunfeasacht an phobail a mhéadú. A mhalairt ar fad atá fíor. Glacann siad páirt thábhachtach chun an ciníochas a chur chun suntais inár sochaí, ach tá siad freagrach as tuairiscí gránna, seineafóbacha faoi dhéanaithe agus daoine atá ag lorg tearmainn. Ní bréag a rá go bhfuil anchuid den tuairiscíú tugtha don chiníochas. Scriostar tuairiscí cothroma le ceannlínte atá éachtach agus scanrúil. Níl le déanamh ach na

tuairiscí agus na ceannlínte seo ó na páipéir a léamh: *Begging: Romanian Refugees (Sunday World)* *Refugees: Rapists on the Rampage (The Star)*. Níl tuairiscíú den chineál seo cothrom ná neamhchlaonta.

Féach an drochíde agus an ghéarleanúint a fhulaingíonn an lucht siúil – cine a thugaimid ár gcúl dóibh. Tá sé ráite go minic gur féidir fiúntas an stáit a mheas ón gcaoi a gcaitheann sé le mionlaigh. Mionlach is ea an lucht siúil agus ní chaitear go fial leo in Éirinn. Sa lá inniu tá formhór an lucht taistil ina gcónaí gar do na cathracha agus do na bailte móra. Ní bhíonn córas uisce reatha, córas séarachais ná córas bailithe bruscair ag na teaghlacha atá ar thaobh an bhóthair.

Léiríonn an chaoi a gcaithimid leis an lucht siúil an meon agus an dearcadh atá againn in leith. Ní theastaíonn uainn go mbeadh na tincéirí ag socrú síos go buan inár measc. Ceapaimid go léir go mba cheart dóibh a bheith lonnaithe i dtithe breátha móra, ach ní mar sin atá sé mar ní theastaíonn uainn go mbeidh na tincéirí lonnaithe in aon áit in aice linn féin. “Tóg tithe dóibh cinnte, ach ná tóg in aice liomsa iad.”

Níl ach trian de pháistí an lucht siúil ag freastal ar bhunscoil. Níl ach mionlach beag díobh ag freastail ar iarbhuscoileanna. Bhí ar theaghlach amháin dul i muinín an dlí le déanaí le go ligfí ceathrar páistí leo isteach i mbunscoil i gContae Átha Cliath.

Léiríonn an suirbhé a rinne Gluaiseacht an Lucht Taistil i 1996 go bhfuil muintir na hÉireann tugtha don chiníochas gan amhras ar bith. Tá sé le feiceáil go soiléir ón suirbhé seo go bhfuil leatrom á dhéanamh ar an lucht siúil sa tír seo, in óstáin, i siopaí, i dtithe tábhairne, i siopaí níocháin agus i siopaí bearbóra. Cuirtear amach iad as na háiteanna seo uilig toisc gur de chine an lucht siúil iad. De réir an dáin *Desiderata* –

*Is gin de chuid na cruinne thú,
Ar aonchéim leis na crainn is na réalta'
Tá sé de cheart agat a bheith anseo.*

'Rud dearfach á mhúnlú as an bpian'

TÁ AN GRÚPA POBAIL 'Survivors of Trauma' ag obair leo go dúthrachtach i dtuaisceart Bhéal Feirste chun tacaíocht phraicticiúil dhearfach a thabhairt do ghaolta na ndaoine a maraíodh sa choimhlint, agus tá an grúpa sin ag teacht i gcabhair ar pháistí san Afraic Theas anois freisin.

I seanséipéal Protastúnach atá Survivors of Trauma lonnaithe ar Bhóthar Cliftonville agus tá an grúpa ag obair le trí bliana anuas le teaghlaigh ar ghoill an bás orthu. Roghnaigh an grúpa an t-ainm *Survivors* mar ba mhaith leo teachtaireacht dhearfach a thabhairt uathu maidir lenar fhulaing daoine sa choimhlint. B'fhearr leo ar fad *survivor* ná *victim*.

Tá Breandán Bradley ina chomhordaitheoir ar an scéim, agus tá taithí ar leith aige ar uafás na coimhlinte, mar chaill sé féin deartháir, deirfiúr agus beirt nia sna trioblóidí.

"Tá ceist seo na *victims* iontach casta ar fad," arsa Breandán Bradley. "Is maith le roinnt de na polaiteoirí idirdhealú a dhéanamh idir daoine a d'éag de thoradh na dtrioblóidí, ach dár linne gurbh í an phian chéanna a bhíonn ar theaghlach ar bith a chaill duine muinteartha leo."

Fuair ball amháin de Survivors amach mí Lúnasa na bliana seo cé chomh polaitiúil agus atá ceist na n-íobartach. Tá Sam McLarnon 30 bliana d'aois, ach ní raibh sé ach ina pháiste nuair a mharaigh an RUC a athair Sammy sa teach i 1969, an chéad duine a maraíodh i dtuaisceart na cathrach de thoradh na dtrioblóidí.

Bhí Survivors i measc na ngrúpaí a rinne taispeántas ar an mhúsaem i gCultra sa samhradh. Rinne cuairteoir ar an taispeántas gearán faoi phósa a scríobh Sam don taispeántas faoi bhás a athar. Bhain an mhúsaem na focail anuas go dtí gur thaispeáin Sam píosa dóibh ó thuairisc an Bhreithimh Scarman a dúirt go raibh an RUC freagrach as an mharú. Deir Breandán Bradley gur mar gheall ar dhearcadh mar sin atá sé tábhachtach go mbíonn doirse Survivors oscailte do chách.

Maraíodh breis agus 550 duine i dtuaisceart Bhéal Feirste ó 1969, rud atá go mór as alt le háit ar bith eile sna Sé Chontae. Mar sin tá cuid mhór daoine ar leac an dorais a bhfuil géarghá acu le seirbhísí an ghrúpa.

"Tá muid ag iarraidh toiseacht ar phróiseas athmhuintearais agus leighis," arsa Brendan Bradley.

Deontas Beag

Fuair Survivors deontas beag £5,000 tamall ó shin ón Aire a bhfuil freagracht air i leith na n-íobartach, Adam Ingram. Thug siad 15 daoine ar thuras go Dún na nGall agus d'admhaigh cuid acu ina dhiaidh gurbh í an chéaduaire a thuig duine ar bith chomh mór is a bhí an chailliúint.

Bhí Christy Murphy ar dhuine de na daoine a chuaigh ar an turas. I Samhain 1993 bhí Christy i tigh McMurray, geallghlacadóir san Oldpark, nuair a d'ionsaigh an UDA an áit gur mharaigh triúr. Bhuaile ceithre urchar Christy agus fuair a chara, John Lovett, bás san ionsaí. Chaith Christy sé mhí san ospidéal agus níl lúth a choisle aige go fóill.

"Bhí an turas iontach tábhachtach dúinne," arsa sé.



SEÁN MAG UIDHIR

SÚIL ADUAIDH

"Tá mé ag streachailt le blianta chun déileáil le himeachtaí an lae sin agus ní thuigeann duine ar bith sin níos fearr ná daoine eile a d'fhulaing é."

"Bhí an turas iontach speisialta dá thairbhe sin."

Bhí Kathleen McNally ar an turas fosta lena máthair.

Maraíodh a mac agus deartháir Ciarán i 1974 nuair a d'fhuaigh agus chéas an UDA é sular mharaigh siad é. Bhí sé 17 bliana d'aois ag an am.

"Bhain mo mháthair an-sult as an turas," arsa Kathleen.

"Nuair a maraíodh Ciarán s'againne ní raibh tacaíocht ar bith ann do na teaghlaigh agus bhí sé breis is 20 bliana sular tháinig duine ar bith chuig mo mháthair ag tairiscint tacaíochta. "Thug an turas seans do mo mháthair labhairt faoina cuid mothúchán agus creidim go bhfuil sí ag toiseacht ar phróiseas leighis don chéaduaire tar éis 20 bliain."

Agus mar chuid den phróiseas sin tá Survivors ag cur tionscnaimh ar bun chun oideachas a chur ar 50 páiste san Afraic Theas. Rinne siad an cinneadh seo i ndiaidh do Bhreandán Bradley agus ghrúpa ó Survivors dul ann an mhí seo caite.

Eagarthóir an North Belfast News é an t-údar

GNÉ-ALT TRÁCHTÁLA

Amharclann de hÍde

AN TRIAIL

MAIRÉAD NÍ GHRÁDA
Amharclann de hÍde

Léireoidh Amharclann de hÍde leagan nua de dhrama claisiceach Mhairéid Ní Ghráda, **An Triail**, sa Crypt i gCaisleán Bhaile Átha Cliath Dé Céadaoin 11 Samhain, 8.00 i.n. Beidh an drama ar an stáitse gach lá as sin go dtí 21 Samhain (3.00 i.n. Dé Sathairn 14 Samhain).

I 1964 a céadléiríodh An Triail, ach an bhfuil an gnáthphobal níos báula sa lá atá inniu ann i leith na máthar singil? An dtugtar cothrom na Féinne don mháthar singil, nó an mbíonn ceann faoi agus náire uirthi?

Beidh an seisear aisteoirí seo páirteach sa léiriú: Cathy Belton, Denis Conway, Gavin O'Connor, Bríd McCarthy, Joan Sheehy agus Pádraic Ó Tuairisg. Naonar aisteoirí déag a bhí páirteach i léiriú 1964.

Seit lóm atá deartha ag Katherine Sankey don stiúrthóir Bríd Ó Gallchóir, agus ba spreagadh di saothar Tadeuz agus Kantor chuige sin. Tá rian an *film noir* ar an léiriú freisin. Díreann aire an phobail ar na cruacheisteanna atá á gclóradh sa drama.



Diarmuid Johnson: An mbaineann tú sásamh as do phost?

Cathal Goan: *Buzz-junkie* mé. Bíim gnaitheach. Is maith liom an brú. Bhain mé an-sásamh as an bplé a bhí ar *Cead Cainte* coicís ó shin faoi mhí-úsáid gnéis, faoi na poláistí samhraidh.. Mheas mé go raibh an lé ar a gclár sin fíorstuama. Bheireann *Ílabúla* sásamh domh nuair a fheicim Seán Domhnaill ag teacht isteach le Sam Guire. Bíodh is gur i mBéarla a scríobh *ene McCabe Scéalta* ó *Theach na hÉire*, mheas mé go raibh an t-aistriúchán

agus an aisteoireacht agus gach a bhain leis an tsraith chomh cumasach sin. Nuair a fhaigheann muid deis, sílim gur ceart dúinn a bheith ag comhoibriú le scríbhneoirí Béarla agus teangacha eile chomh maith.

DJ: Is dóichí gur saol níos seasmhaí a bhí agat i mBaile Átha Cliath sular tháinig tú go TnG.

CG: Bhí mé i m'eagarthóir ar *Cúrsaí*, agus b'ionann sin agus cúig oíche sa tseachtain, agus bhí nós agam fanacht istigh fá choinne gach clár. B'fhéidir go raibh saol

níos seasmhaí ag mo bhean agus mo pháistí.

DJ: Fad a bhí tú i mBÁC, ní raibh aimhreas ar bith ort faoina raibh i ndán duit. An bhfuil sé sin amhlaidh anois?

CG: Níl a fhios agam goidé atá i ndán domh. Is é an jab atá agam anois ná an stáisiún seo a chur sa riocht is gur féidir léi rith agus forbairt, agus ansin ba mhaith liom imeacht. Níl mé i ndéidh níos mó ná sé bhliana a chaitheamh in aon jab a bhí agam go dtí seo. Tá rún agam gan fanacht rófhada.

DJ: Cén t-athrú atá ar do dhearcadh le dhá bhliain anuas?

CG: Déarfainn go raibh mé soineanta dhá bhliain ó shin. I mo chroí istigh, mheas mise nach raibh i gceist ach na cláracha a bheith go maith, ach is de réir a chéile a tháinig an tuiscint chugam, agus is admháil mhillteanach é seo do dhuine atá i gceannas rud ar bith, ach níor thuig mé tábhacht na margaíochta.

DJ: An ngéilleann tú do chuid ar bith den mhéid a dúirt Donncha Ó hÉallaithe i *Force 10*?

CG: Cé hiad na daoine atá ag gabháil an t-ábhar Gaeltachta seo a chur ar fáil? Go dtí seo, níor tháinig duine ar bith chugainn ag lorg cabhrach leis sin a dhéanamh. Ní féidir linn glacadh le gach iarratas, ach féadaim a rá nár tháinig grúpa ar bith teilifís pobail sa Ghaeltacht chugainn ag rá, ba mhaith linn x, y agus z a dhéanamh agus gur diúltaíodh dóibh. Chuirfinn fáilte roimh ghrúpa ar bith a thiocfadh chugainn. Géillim gur ceart dúinn a bheith ag déanamh níos mó rudaí a bhaineas le dúchas na Gaedhlighe. Géillim dó sin go hiomlán. Glacaim leis. Tá muidinne ag brath ar léiritheoirí le teacht chugainn chun rudaí a thairiscint dúinn. Tá sé an-fhurast a bheith ag caint ar na rudaí seo, ach is rud eile atá ann na daoine cearta a aimsiú chun an rud fóna a dhéanamh.

DJ: Ar chuir Donncha Ó hÉallaithe aon iarratas isteach le clár a dhéanamh a bhaineann le hábhar Gaeltachta?

CG: Sa ghnáthbhealach, ní fhéadfainn é sin a rá leat. Is ball den Chomhairle é agus b'fhearr liom gan cheist mar sin a fhreagairt, munar miste leat.

DJ: Arbh fhearr dó mar sin éirí as an gComhairle agus a dhul ag tairiscint cláracha?

CG: No. Is luachmhar liomsa tuairim gach duine. Agus is tábhachtach liom go mbe

Níl a fhios agam go

an stáisiún á cheiliúradh

bealach ag daoine chun na tuairimí sin a nochtadh. Ach an rud a bhfuil aiféala orm faoi agus b'fhéidir díomá orm faoi ná nárbh fhiú leis na tuairimí sin a nochtadh ins an fhóram a tugadh dó roimh ré agus gur aniar aduaidh go hiomlán a tháinig an t-alt sin orainn uilig.

DJ: Cén fóram é sin?

CG: Fóram na Comhairle.

DJ: 'Where do you see yourself in five years?'

CG: Níl tuairim agam faoi. Tá d'ádh ormsa go bhfuil mé pósta ar bhean atá thar a bheith tuisceanach agus foighdeach. Go dtí seo, d'éirigh leis an bheirt againn an bád a choinneáil ag seoladh go measartha suaimhneach, so má tá tacaíocht s'aicise agam ní miste liom tabhairt faoi rudaí eile amach anseo.

DJ: Ar chónaigh tú i gConamara sular tháinig tú go TnG?

An choicís dar críoch 11 Deireadh Fómhair 1998

(1 gcomórtas le 1,050,000 anuraidh)

- Féachaint ar feadh breis is 30 nóiméad in aghaidh na seachtaine: 464,000 (292,000 anuraidh)

Foinse: Neilsen

Cláracha Ar Leith

Clár na Dáiríochta: 35,000

Ros na Rún: 25,000

Nuacht TnG: 20,000

Foinse: Neilsen

TnG sa Chaeltacht

in aghaidh na seachtaine

- Féachann trian eile ar an stáisiún ar feadh 4-8 uair an chloig sa tseachtain

Foinse: Ervision Marketing Consultants

Glacadh TnG

- Chuala 98% de dhaoine na Poblachta trácht ar TnG

Foinse: Lansdowne Market Research

Deis agus Dúshlán

SCEIDEAL TEILIFISE, is craosdeamhan é a idionn abhar, agus ó las an solas dearg oíche Shamhna 1996, tá orainn an craosdeamhan sin a bheathú. Cláracha a shásóidh an pobal féachana is sofaisticiúla ar domhan, sin é is bia don chraosdeamhan. RTÉ 1, Network 2, BBC1, BBC2, ITV agus Channel 4, sin cuid de na bealaí teilifíse atá ar fáil don phobal.

Is é caighdeán na gclár an tréith is mó a gcuireann TnG béim uirthi. Dála gach craoltóir seirbhíse poiblí eile, tá d'aidhm againn raon leathan clár fiúntach a sholáthar. Ní shásóidh na cláir seo ach cuid den lucht féachana cuid den am.

Is é an t-aiseolas ón phobal féachana anseo in Éirinn an rud is tábhachtaí ar fad dúinn i TnG. Is ar bhonn na bhfigiúirí féachana amháin a thig le daoine áirithe feabhas agus fiúntas TnG a mheas, ach tá i bhfad níos mó ná sin i gceist. Tá seirbhís do phobal i gceist, pobal ilchineáil, agus scathán inar féidir leis an phobal sin é féin a aithint idir áilleacht agus mháchail. Sin bunchuid de mhisean agus d'aidhm na seirbhíse chomh maith.

Is í Nuacht TnG an chuid is laethúla den tseirbhís. Tugann an suirbhé Gaeltachta ardú croí dúinn maidir leis an nuacht: scór ard 85% a mheas go raibh sí "go maith/go han-mhaith".

Fuair Nuacht TnG scór 79% sástachta ar na nithe a bhí á gclúdach agus ar stíl na láithreoireachta. Beidh ar sheirbhís nuachta ar bith a bheith ag athrú agus ag forbairt agus measaimid gur chun tairbhe na seirbhíse nuachta agus TnG i gcoitinne a rachaidh na hathruithe éagsúla atá déanta uirthi sa sceideal nua.

Ní fada uainn bunú na seirbhíse dúchasacha digiteacha teilifíse in Éirinn. Caithfidh TnG a bheith i lár an aonaigh sin agus tá an phleanáil chuige sin tosnaíthe cheana féin. Caithfear a chinntiú go mbíonn ról lárnach againn sna cúrsaí seo.

Bhéarfaidh an spás digiteach seo an deis dúinn theacht i dtír ar dheiseanna eile seirbhíse poiblí; ní foláir dúinn a bheith ullamh dóibh agus do na deiseanna tráchtála chomh maith céanna.

Tá pobal lonnmhar thar sáile atá i dteideal cláracha teilifíse tré mheán na Gaeilge, rud a éilfionn siad. Caithfidh muid a bheith i dtúin leo, agus a mian a shásamh.

Tig le TnG breathnú ar an saol amach romhainn ar cheann de dhá bhealach: deiseanna agus dúshlán nó deacrachtaí agus driseanna cosáin. Tá bunús maith leis an dá dhicarcadh ach is misneach agus físiúlacht a thug TnG chomh fada seo agus is é is fearr a bhéarfaidh eolas an bhealaigh dúinn sa ré nua fosta.

Cathal Goan

CG: No. Bhí d'ádh orm a bheith ag obair le Seán Ó Tuairisc i gCúrsaí agus ba ghnách liom stopadh aigean i Scaip an Chait, ach ní fhéadaim a rá go bhfuil aithne mhaith agam ar an áit.

DJ: An bhfuil aithne mhaith agat ar an gceantar anois?

CG: Le fírinne, caithfidh mé a rá nach bhfuil. Tá aithne áirithe agam ar Chois Farraige. Ach níl aithne mhaith agam ar an cheantar siar anseo. Agus an saol atá agam, ní dóigh liom go gcuirfidh. Nuair a chríochnaíonn an obair, téim chun a' bhaile agus is fíorchorruair a théim amach.

DJ: Céard a dhéanann tú mar chaitheamh aimsire?

CG: Léim. Tá an-dúil agam sa cheol go fóill, go háirithe sna hamhráin. Amach anseo, dá spárálfaí mé, ba mhaith liom tabhairt faoi

shaothar ar Neilí Ní Dhomhnaill, aint le mo bhean, amhránaí cumasach.

TnG: Léirmheas, feach leathanach 28



Ann-Marie Hogan agus Mikel Murfi i radharc ón tsraith Kaisleán Klaus, a bheas le feiceáil ar TnG an mhí seo.

dé atá i ndán domh'

NÓCHA FAOIN gCÉAD de chríocha náisiúnta na hÉireann, ní ar an talamh tirim atá siad ach ar muir. Ina measc tá cuid de na farraigí is saibhre ar domhan, le flúirse iasc, deilfeanna agus míolta, agus grinneall luachmhar a cheileann mianraí ar fiú na billiúin dollar iad.

Téann céatadán suntasach de bháid thrádála an domhain thar ár gcósta; tagann foghlaithe mara ón Spáinn ar lorg an tuna ann; agus tá fianaise ann go bhfuil saibhreas mór gáis is ola i dtaisce ann.

Dá mbainfí úsáid cheart as na hacmhainní seo ar fad bheadh Éire le háireamh i measc na dtíortha is saibhre ar domhan. Ina áit, meon an sclábhaí atá i réim i Roinn na Mara is Acmhainní Náúúrtha, agus saibhreas na tíre á bhronnadh ar ollchomhlachtaí idirnáisiúnta – ar phingineacha, de réir SIPTU.

D'fhógair Enterprise Oil le déanaí go raibh gás aimsithe acu i Log na Léime (Slyne Trough), 34 míle amach ó chósta Acla. Thángthas ar an mbeirtreach gáis (ar a dtugtar Beirtreach na Coiribe) den chéad uair i 1996. Deir an comhlacht nach rabhthas in ann luach na beirtrí a mheas go dtí seo de bharr deacrachtaí teicniúla.

Deir siad gur éirigh leo 63 milliún troigh ciúbach de ghás a bhaint as an mbeirtreach gach lá trí phíobán dhá orlach ar leithead, le linn na dtástálacha a rinne siad. Sa ráiteas a



Tá saibhreas mór Ach cé a bhainf

Fiosraíonn UINSIONN MA

d'eisigh siad tugtar le fios go raibh an brú gáis níos láidre fós, ach nár éirigh lena gcuid uirlisí an brú breise sin a thomhais. "The test rate was limited

No Royalties From Corrib Gas Find

AN OIL MULTINATIONAL which has made a significant gas find off the Mayo coast will pay no royalties, the Department of the Marine and Natural Resources has confirmed.

Test drilling of Enterprise Oil's "Corrib" find in the Slyne Trough, about 34 miles off Achill, showed the highest flow rates ever recorded in Irish waters. The well tested at a rate of 63 million standard cubic feet of gas per day through a two-inch choke, with a flowing wellhead pressure of 1,306 psi. "This test rate was limited by the flowing equipment," the company says.

This compares with peak flowing rates at the Kinsale Gas Field of 60 million cubic feet per day. Although further tests are needed to determine the extent of the find, there is considerable speculation in the industry that Enterprise Oil is sitting on top of a very significant gas field.

Under the terms of its 1994 licence – granted by the then Fianna Fail/Progressive Democrat coalition – the company

and its partners will pay no royalties on the gas. The only Government take is a 36% corporation tax – 25% in certain circumstances – and there are generous allowances for offsetting costs against profit.

SIPTU has attacked these terms as "giving away natural resources for little economic return". The union is in dispute with the company, because it refuses to employ any Irish labour on its rig. Because of the dispute – which industry sources claim was engineered by the company as a pretext to pull out of Foynes – Enterprise Oil has sourced all its supplies from Scotland.

- Ireland's offshore territories extend some 650,000 square kilometres, more than seven times our land area. While the Porcupine area may hold large hydrocarbon deposits, the more extensive Rockall Trough is thought to have the potential for some very large finds.

Uinsionn Mac Dubhghaill



Le còmhlaigh Fhairs na Mara (Irish Marine Data Centre)

sna farraigí thiar. feas tairbhe as?

C DUBHGHAILL an scéal

by the testing equipment," a deir siad.

Tá tuilleadh tástálacha le déanamh acu an samhradh seo chugainn le go mbeidh siad in ann méid na beirtrí a thomhais i gceart. Níl aon amhras ann, áfach, go bhfuil go leor leor gáis i dtaisce ann — níos mó, b'fhéidir, ná mar a bhí i mBeirtreach Chionn tSáile.

B'é 60 milliún troigh ciúbach sa lá an ráta gáis is airde a tháinig as Beirtreach Chionn tSáile an lá ab fhearr di. Go dtí seo tá luach £3 billiún gáis bainte aisti, nó 20% de riachtanaisí fuinnimh an stáit. Tá an bheirtreach seo á hídiú go tréan; meastar nach mbeidh fágtha inti ach dríodar na barraille faoi cheann deich mbliana.

Cé a bhainfeas tairbhe as an ngás atá faighte i mBeirtreach na Coiribe?

Is beag de a bhainfeas Éire as, de réir Noel Dowling, urlabhraí tionsclaíochta SIPTU.

Faoi théarmaí an cheadúnais a tugadh do Enterprise Oil agus a pháirtnéirí Saga Petroleum agus Statoil i 1994, ní íocfaidh siad aon dleachta nó royalties as an ngás a thugann siad i dtír.

Ní bhainfidh an rialtas ach cáin chorparáideach 36% ar an mbrabús a dhéanann siad, nó 25% i gcásanna áirithe. Tá cead acu a gcuir costaisí uile, nach mór, a dhíscríobh in aghaidh an bhille a thabharfas an fear cánach dóibh.

Anois, tá taithí na mblianta ag ollchomh-

lachtaí idirnáisiúnta — agus ag na cuntasóirí oilte a fhostaíonn siad — agus iad ag déileáil le ceisteanna cánacha idirnáisiúnta. An rud atá ina bhrabús i dtír amháin inniu, tharlódh sé gur caillteanas é an lá dár gcionn i mbrainse eile den chomhlacht i dtír éigin eile.


Ní chuirfidh sé iontas ar mhórán muna mbeidh brabús á léiriú ag Beirtreach na Coiribe go ceann i bhfad.

Ní hamháin nach mbainfidh an stát mórán tairbhe go díreach as an ngás seo. Is beag buntáiste eile a gheobhas an tír as. B'é rialtas na Breataine a bhunaigh Enterprise Oil agus is mó dílseacht atá ag an gcomhlacht don tír sin ná d'aon tír eile — cé gur chirt a rá, b'fhéidir, nach bhfuil sé dílis ach don mhargadh amháin.

Níl Éireannaigh fostaithe ar an rig ola atá acu i Log na Léime, agus tá aighneas idir iad agus SIPTU dá bharr. Is é dearcadh an chomhlachta nach gá dóibh aon Éireannach a fhostú má tá saoránaigh eile de chuid an Aontais Eorpaigh ar bord, agus deir siad nach bhfuil siad ag iarraidh fáil réidh leis na hoibrithe oilte atá acu cheana féin díreach ar mhaithe le mianta SIPTU a shásamh.


Bhíodh an comhlacht ag fáil a chuid seirbhísí is soláthar lóin as Faing, Luimneach, socrú arbh fhiú £2 milliún é don phort.

Ar lean ar leathanach 26




Fáilte chuig
AN FHUINNEOG,
ceithre leathanach
speisialta de
altanna, nathanna
cainte, cluichí agus
comórtais.
Féach isteach ...

FÁS AN DAONRA



Foinse: Na Náisiúin Aontaithe
World Population Prospects and Projections



DAONRA AN DOMHAIN 9 mbilliún duine faoin mbliain 2050

1. Tá daonra an domhain ag fás leis, agus faoi 2050 beidh 9 mbilliún duine ann - méadú 50% ar an daonra atá anois ann. Sin léargas atá le fáil i dtuarascáil de chuid na Náisiúin Aontaithe. Foilsíodh *World Population Prospects and Projections* i Meán Fómhair 1998. Bíodh is go bhfuil an méadú sin i ndán, níl an ráta fáis chomh hard anois is a bhí: 1.4% an ráta fáis a bhí ar dhaonra an domhain i 1995, áit ar 2.0% a bhí ann tríocha bliain ó shin.

2. Fás níos moille atá i gceist mar sin, ach fós féin saolaítear 80 milliún duine gach bliain. De réir na tuarascála, laghdóidh an ráta fáis tuilleadh sna blianta atá romhainn. Dhá phríomh-chúis a luaitear leis seo: úsáid na ndeiseanna frithghiniúna, agus oideachas na mban. Is cosúil go dtéann 60% de lánúnacha na dtíortha forbartha i muinín na frithghiniúna sa lá atá inniu ann. 10% a dhéanadh sin i 1960.

3. De bharr an athraithe sa ráta fáis,

tá na daoine óga ó 15-24 bliain níos líonmháire ná a bhí riamh. Sin daoine a bheidh ag lorg oibre. Tá fás ag teacht ar líon na ndaoine aosta chomh maith. Faoi láthair, tá 578 milliún duine os cionn trí scór ann. Tiocfaidh lagú ar an bhforás eacnamúil de réir mar a bheidh an ghluín seo ag dul i líon. Beidh seo amhlaidh san Áis go mórmór, de réir na tuarascála.

4. I roinnt de na tíortha a bhfuil gannchuid páistí iontu, beidh ganntanas oibrithe ann amach anseo. D'fhágfadh sin go bhféadfadh muintir na dtíortha is airde daonra slí bheatha a bhaint amach san iasacht. Ar an taobh eile den scéal, b'fhéidir go mbeadh doicheall rompu: cuireann an imirce brú ar an gcóras sláinte atá sa tír nua, agus tá ceist an phinsin ann freisin.

5. Bíodh is go bhfuil méadú 50% i ndán do dhaonra an domhain go ceann caoga bliain, is méadú níos lú é ná a bhí á thuair go dtí seo. Síleadh cheana go rachadh an daonra ó smacht ar fad. Is dóigh go mbeidh an domhan in ann cothabháil a thabhairt do 9 mbilliún duine, ach cé mar a bheidh an scéal faoi cheann céad bliain?

1 daonra an domhain - world population; ag fás leis - continuing to grow; faoi - by; léargas - an insight, also clarity, brightness; tuarascáil - report in document form.

2 saolaítear - are born; laghdóidh - will decrease; príomhchúis - main cause; frithghiniúint - contraception; lánúnacha - couples; forbartha - developed; i muinín - to revert to.

3 de bharr - owing to; líonmhar - plentiful, abundant; aosta - sear; forás - growth, boom; glúin - generation; amhlaidh - likewise.

4 gannchuid páistí - insufficient numbers of children; amach anseo - in the future; d'fhágfadh sin - that would mean; na tíortha is airde daonra - the most populous countries; san iasacht - abroad; doicheall - easpa fáilte; imirce - migration.

5 bíodh is - although; go ceann - during the next; tuar - prediction, omen; ó smacht - out of control; cothabháil - sustenance.

• The phrases in bold print in the text are examples of the genitive case. Discuss them with a friend or teacher. Can you identify examples in other articles in *Cuisle*?

SCIORRADH PINN

Gach mí, foilséoidh Cuisle sliocht próis le scríbhneoir cumasach. Más beag leabhar Gaeilge a léann tú, tá súil againn saothair mhaithe a chur ar do shúile duit. Más mór do dhúil i léamh na Gaeilge, ach gan fios agat cén taobh a gcaisfaidh tú, tá súil againn gur treoir duit a bheas i rogha Cuisle. Seo é an dara sliocht.

SÚIL LE BREITH le Pádraig Standún
Cló Chonamara 1983

'Make Love To Me'

ISTIGH SA gcró a thóg a sheanathair leathchéad bliain roimhe sin, bhí stil phoitín i bhfolach faoin bhféar tirim. Las Paddy an fáinne mór gáis – naoi n-orlaí trasna a bhí sé – agus chuir sé soitheach uisce air le fiuchadh.

Ba ghearr go raibh an cró beag tirim, gal ag éirí as a mbróga agus a stocaí, agus as an sáspan. Fuair Paddy siúcra as mála cheithre cloch, agus rinne sé fuisce te i seanmhuigín scoilte. Bhí sé go hálainn. Shuigh siad síos ag ól as aon mhuigín, iad suaimhneach, sásta, te.

'Shíl mé go raibh tú leis an worm a 'speáint dom,' a dúirt sí ar deireadh, nuair cheap sí go raibh siad fanta ina dtost rófhada. Rinne sé meangadh gáire.

'An worm le haghaidh an phoitín atá mé a rá, a dhiabhail. Tá intinn bhrocach agat.'

'Níor dhúirt mise tada.'

Chuaigh sé ag tóraíocht faoin bhféar. Chuir sí a stocaí i bhfolach nuair nach raibh sé ag breathnú. Tharraing sé amach an worm copair. 'Nach diabhailtaí casta atá sé, cibé céard le n-aghaidh a bhfuil sé.'

'Ortsa atá an béal brocach anois.'


'Tá méaracha deasa ort,' a dúirt sí, ag cur dinglise ann le sop féir thirim.

'Cá bhfuil mo chuid stocaí,' a dúirt sé, ag léimneach thart ar leathchos.

'B'fhéidir gur dódh sa tine iad.'

Bhí a fhios aige ón amharc ina cuid súl go raibh siad curtha i bhfolach aici. Rug sé uirthi agus thosaigh siad ag streachailt a chéile sa bhféar. Ba ghearr gur ag pógadh a chéile a bhíodar. Nuair a chuir sí cogar ina chluais, 'Make love to me,' bhíodar imithe rófhada le stopadh.

soitheach: container
gal: steam
seanmhuigín scoilte:
a cracked old mug
'speáint: taispeáint
dinglis: tickle
dódh iad: they were
burnt
strachailt: tearing at



Céard is ciall le:


Tá muid ar leathcharr sa teach seo againne

1 The car is in the garage at the moment

2 We're a one-car family


3 We've got an old banger at home

Síntiús bliana saor in aisce don chéad fhreagra ceart aníos as an hata. Seol iad chuig: Comórtas, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe roimh an 20 Samhain.



1

Lion an bhearna: lógtar nó leagtar?
De réir a chéile a na caisleáin



2

Céard is ciall le: Tá muid ar leathcharr sa teach seo againne
Síntiús bliana saor in aisce don chéad fhreagra ceart aníos as an hata. Seol iad chuig: Comórtas, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe roimh an 20 Samhain.

LUCHT ADHARTHA NA SPÉIRE



1 De réir seanchas na nIncas, ní raibh ann ach dorchadas nó gur éirigh an ghrian an chéad uair. Le teas na gréine, rugadh Wiraqocha, dia na beatha. Is iad an fear agus an bhean maca-samhail Wiraqocha. Mhúin Wiraqocha grá an nádúir don chine daonna.

2 Bunaíodh ríocht na nIncas sa dara haois déag tar éis Chríost. Tháinig méadú ar an ríocht go luath sa 15ú haois, agus thóg siad baile Sacsayhuaman timpeall an ama sin. Ba é Pachacutec an naoú rí a bhí ar na hIncas, agus rinne seisean ionradh ar na treibheanna máguaird. Chuir sé suas le céad treibh faoi chois.

3 Mhair na hIncas go síochánta go ceann céad bliain ina dhiaidh sin. Chuir siad agus bhain siad, agus thug adhmholadh do na déithe. Is in ómós do na déithe seo a thóg siad cathair Machu Picchu. Ar ardán eibhir idir dhá chruach a thóg siad í. Is áit naofa a bhí ann ina gcleachtaídis a gcuid diagachta.

4 Ocht míle cúig chéad troigh os cionn na mara atá Machu Picchu, í cúlraideach, iargúlta agus sléibhte na hAndes á cheilt ar chách. Ba obair anróiteach a bhí ina tógáil, ach d'éirigh leis na hIncas éacht ailtireachta a dhéanamh. Ní raibh ceird an iarainn ná tuiscint ar an roth acu, ach rinne siad sárobair le giúrléidí cloiche.

5 Ní áit chónaithe ná dídine a bhí i Machu Picchu. Is teampall a bhí ann, tearmann agus díseart. Níorbh fhéidir fogha a thabhairt fuithi mar gheall ar an aill rite atá ina timpeall. Adhraíti

ann an ghrian, an ghealach agus na réalta.

6 De réir na nIncas, bhí diagacht dá chuid féin ag roinnt le gach ní idir bheo agus neamhbheo. Bhí mianach diaga i gcuid de na hainmhithe, dar leo, agus d'éirigh leo samhail na n-ainmhithe seo a ghearradh sa sliabh.

7 De réir na seandálaíochta, is tearmann a bhí i Machu Picchu do bhansagairt na nIncas. Fuarthas cnámha agus taisí céad seachtó trí duine faoi shráideanna na cathrach, céad caoga ban ina measc. Ba é gleann abhainn an Urubamba - ina bhfuil an chathair suite - ceartlár spioradálta na nIncas, agus bhí trí ionad réalteolais acu sa cheantar. Adhradh agus iniúchadh na gréine is na spéire ba chuspóir dóibh ar fad.

8 De réir dealraimh, bhíodh tionól in aice an Urubamba ar an aonú lá is fiche de Mheitheamh, an lá is giorra sa mbliain sa domhan theas. D'iarradh na hIncas ar Taita Inti, athair na spéire, an ghrian a cheangal don domhan ionas nach gcaillfí go brách i measc na réaltaí.

1 seanchas - lore; macasamhail - likeness.

2 ríocht - kingdom; ionradh - invasion; treibheanna - tribes; máguaird - surrounding; faoi chois - taken over.

3 go síochánta - peacefully; chuir siad agus bhain siad - they sowed and reaped; adhmholadh - adoration; ómós - veneration; ardán eibhir - a granite plateau; diagacht - religion.

4 cúlraideach, iargúlta - remote; á cheilt ar

chách - hiding it from all; anróiteach - tiresome; éacht ailtireachta - an architectural miracle; ceird an iarainn - iron-working; giúrléidí - implements.

5 dídean - shelter; tearmann agus díseart - a refuge and place of retreat; fogha a thabhairt - to rush; aill rite - steep cliff; adhraíti - used to be adored.

6 beo agus neamhbheo - animate and inanimate; mianach diaga - divine nature;

samhail - image.

7 an tseandálaíocht - archaeology; bansagairt - women priests; fuarthas cnámha agus taisí - bones and relics were found; ceartlár - hub; an spioradáltacht - spirituality; ionad réalteolais - observatory; iniúchadh - examination.

8 sa domhan theas - in the southern hemisphere; ionas nach gcaillfí í - so she wouldn't be lost.

Leagan Cainte

TÓG SOS

AR CHLÁRACHA na n-iarratas, ar an raidió agus ar an teilifís, tá nós ag craoltóirí an Bhéarla "We'll take a break now" a rá, nuair a bhíonn fúthu ceirnín a sheinm nó fógra a chraoladh. Nuair a fiafraíodh de phainéal *Leagan Cainte* an mbeadh glacadh acu le 'Tógfaidh muid briseadh anois', bhíodar ar aon fhocal nach mbeadh.

Ba cheart don chraoltóir Gaeilge an leagan a sheachaint ar fad, dar leo, agus a insint amach go díreach céard atá ag dul ag tarlú: 'Stopfaidh muid ag caint anois mar tá amhrán (nó píosa ceoil) agam daoibh', nó 'Mar athrú beag anois casfaidh mé amhrán (nó píosa ceoil) daoibh', nó 'Éistfidh muid le píosa ceoil anois.'

Ní bheadh aon locht mór ag duine nó beirt den phainéal ar 'Tógfaidh muid sos anois' ach ní bheadh glacadh ag aon duine acu le 'Tógfaidh muid briseadh anois'. Níl aon chiall leis, agus níl aon chall leis, dar leo.

Ceist eile faoi iarratas eile anois, agus an craoltóir ag rá: 'Tá an litir seo ó Mháire Ní Néill.' An bhfuil

ciall ar bith leis sin?

Is í an chiall atá leis go bhfuil an litir seo ag teastáil ó Mháire Ní Néill. Má bhíonn rud éigin ó Mháire is ionann sin is a rá go bhfuil an rud sin ag teastáil ó Mháire, agus má tá an litir ag teastáil uaithi, nach aisteach gur sheol sí isteach chuig clár na n-iarratas í.

'Is ó Mháire Ní Néill (a tháinig) an litir seo' nó 'Tháinig an litir seo ó Mháire Ní Néill' an bealach is fearr lena rá, nó 'Tá litir anseo agam ó Mháire Ní Néill'.

THÁINIG SEÁN

LEAGAN EILE atá cosúil leis sin: 'Tagann an litir seo ó Sheán Ó Sé.' Ciallaíonn sé sin go dtagann an litir chéanna seo, arís agus arís eile, ó Sheán Ó Sé, nuair is í fírinne an scéil nár tháinig an litir uaidh ach aon uair amháin. 'Tháinig an litir seo ó Sheán Ó Sé' nó '(Is) ó Sheán Ó Sé (a tháinig) an litir seo' an bealach ceart lena rá.

Agus leagan eile fós atá cosúil leis an gceann deiridh sin, leagan a chloistí sna fógraí báis: 'Fágann sé bean agus triúr clainne ina dhiaidh'. 'Tá bean agus triúr clainne fágtha



ina dhiaidh aige' nó 'Maireann a bhean agus triúr clainne' is coitianta anois, agus sin é an rud ceart, ar ndóigh.

Mheabhraigh sé seo drochleagan cainte don phainéal a chloistear ó am go ham agus ar aistriú díreach ón mBéarla atá ann: 'Tá sé pósta le triúr páistí'

'Tá sé pósta agus triúr páistí aige (acu)' nó 'Tá sé pósta agus triúr clainne air (orthu)' an bealach is nádúrtha lena rá.

Agus ós ag caint faoi chúrsaí fear agus ban muid, chuir Mairéad Nic Dhonncha as Gaillimh leagan deas chugainn ar bhean a mbeadh a fear imithe uaithi: 'Baintreach an fhir bheo'. D'fheilfeadh 'Baintreach an duine bheo' don fhear nó don bhean a bheadh sa gcás céanna sin.

Bíonn an clár Leagan Cainte le cloisteáil ar Raidió na Gaeltachta ar an Aoine ar 3.30 p.m. agus bíonn athchraoladh de le cloisteáil an Domhnach dar gcionn ar a 10.

Dá shine an fheadóg is ea is milse an fonn

Céard is brí leis an seanfhocal?

Síntiús bliana saor in aisce don chéad threagra ceart aníos as an hata. Seol iad chuig: Comórtas, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe roimh an 20 Samhain.

'Níl fiú Pat the Baker ag déanamh aon phingin as'

Ar lean ó leathanach 21

Mar gheall ar an aighneas le SIPTU, áfach, tharraing Enterprise Oil amach as Faing. Is as Albain a thagann a bhfuil de dhíth ar an rig anois.

Céard is fiú don tír Beirtreach na Coiribe, mar sin? Níl aon fhostaíocht againn as, ná dleachta. Is beag cáin a gheobhas muid as go ceann i bhfad. Níl fiú Pat the Baker ag déanamh aon phingin as.

Rud is measa fós, nuair a thabharfar an gás i dtír tá seans maith ann nach go hÉirinn a rachaidh sé, de réir urlabhair SIPTU.

Chosnódh píobán ó Bheirtreach na Coiribe go hAcaill na milliúin

milliúin punt, agus bheadh an-drogall ar an gcomhlacht íoc as. Seans go mbeadh sé níos saoire an gás a chur i dtancanna móra agus a thabhairt i dtír in Albain, áit árbh fhéidir é a chur isteach i ngréasán Eorpach an gháis.

Uaidh sin rach-adh sé go hÉirinn – nó go dtí an Fhrainc, an Ghearmáin nó an Rómáin – de réir mar a bheadh sé de dhíth ar thomhaltóirí na hEorpa.

Táirge ar an margadh idirnáisiúnta a bheadh ansin ann, ní earra Made in Ireland. Cá bhfágann sin flaitheas na hÉireann ar a cuid acmhainní nádúrtha féin?

Cé hiad Enterprise Oil?

TÁ ENTERPRISE OIL ar cheann de na comhlachtaí 'neamhspleácha' ola is mó ar domhan, le ceannáras ar Chearnóg Trafalgar i Londain agus oifigí in Éirinn, in Albain, sa Danmhairg, san Iodáil, sa Ghréig, san Iorua, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, sna hEimirítí Aontaithe Arabacha, sa Chambóid, agus i bPeiriú.

Bhunaigh rialtas na Breataine an comhlacht i 1983 agus tugadh cuid de British Gas don fhiontar nua. D'éirigh go seoigh leis ó shin: sa chéad leath de 1998 rinne sé brabús (tar éis cánach) de £45 milliún. Tá foinsí airgeadais de bhreis is £850 milliún san iomlán ar fáil don chomhlacht.

Tá gabháltais fairsinge ag Enterprise Oil amach ó chósta thiar na hÉireann, níos fairsinge ná aon chomhlacht eile. Tá baint aige le 34 blocanna den ghrinneall atá ar léas ón rialtas.

Ba i 1984 a thosaigh an comhlacht ag obair in Éirinn, cé nár chuir sé oifig ar bun go dtí Nollaig na bliana seo caite.

Is le Enterprise Oil sciar 45% den ghabháltas i mbloc 18/20, 'bloc na Coiribe' ina bhfuil an bheirtreach a haimsíodh le déanaí. Is le Saga Petroleum UK Limited sciar 40% den ghabháltas, agus le Statoil Exploration (Ireland) Ltd an sciar 15% atá fágtha.

Bhunaigh rialtas na Breataine an comhlacht i 1983

Straitéis náisiúnta mara foilsithe

Le Uinsíonn Mac Dubhghaill

CEITHRE CHUID atá i straitéis náisiúnta forbartha na chuimsitheach i leith na hearnála seo a leagan amach.

n-acmhainní mara, a foilsíodh i rith mhí Mheán Fómhair. Sin iad turasóir-eacht, cosaint timpeallachta, tionscal na hiascaireachta agus teicneolaíocht mhara (rud a chuimsíonn tionscal na hola).

De réir Aire na Mara agus na nAcmhainní Nádúrtha, Michael Woods, cruthófar suas le 7,000 post nua timpeall an chósta má chuirtear an plean i gcrích.

Is deacair é a chreidiúint, ach seo i an chéad uair ó bunaíodh an stát atá iarracht déanta ar pholasaí comhtháite i leith na mara a chur le chéile. B'é Foras na Mara a d'fhoilsigh an cháipéis. Is é an teideal atá air *A Marine Research, Technology, Development and Innovation Strategy for Ireland*.

Polasai easnamhach atá ann. Ní bhaineann ach dhá leathanach sa cháipéis 80-leathanach seo le tionscal na hola, cé go bhfuil comhlachtaí ola i mbun tochairte agus fiosruithe amach ó chósta na hÉireann ó 1969 i leith.

Agus léiríonn réamhthorthaí Enterprise Oil go bhféadfadh saibheas mór a bheith i dtaisce faoi ghrinneall na farraige thiar.

Go deimhin, admhaítear i réamhrá na cáipéise nár cuireadh dóthain acmhainní ar fáil d'Fhoras na Mara le straitéis


Tugtar foláireamh in áit eile go bhféadfadh sé tarlú go bhfágfaí comhlachtaí Éireannacha ar an bhfar-aor géar agus iad ag iarr-aídh bun-táiste a bhaint as an saibheas seo.

Deirtear go bhfuil "significant risk" ann nach n-éireoidh le comhlachtaí Éireannacha tairbhe a bhaint as an earnáil, mar gheall ar "the international, and mobile, nature of the hydrocarbons industry, and its support services".

Sa chomhthéacs sin, is deacair a thuiscint cén bunús a bhí le dóchas an Aire Woods agus an straitéis á cur faoi bhráid choiste Dála an mhí seo caite. Dúirt sé go bhféadfaí 1,000 duine breise a fhostú san earnáil teicneolaíochta mara uaidh seo go ceann cúig bliana.

Ach léiríonn an raic a bhí idir Enterprise Oil agus SIPTU níos luaithe i mbliana – toisc gur dhiúltaigh an comhlacht aon Éireannach a fhostú ar a rig ola amach ón gcósta thiar – nach bhfuil tionchar rómhór ag an rialtas feasta ar an méid a thiteann amach ar fharragí na hÉireann.

Margadh idirnáisiúnta na hola agus an chaipitil atá sa diallalt, ní flaitheas tíre.





Thar tairseach isteach,
is cuma cá bhfuil do theach.



Tuilleadh eolais ar fáil ach scríobh chuig: Beirphost Custaiméirí Litirphost, An Post,
Ard-Ofíóg an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1 nó CallSave 1850 57 58 59.

LITIRPHOST



Macdara Ó Fátharta i bpáirt
Chóil sa scannán COSA
NITE atá le craoladh ar
TnaG ar an 17 Samhain



AN CHÉAD scannán gairid i nGaeilge a teaspánadh i bpictiúrlann an Kino ab ea *Lipservice*, scannán is dóigh liom a thuigfeadh éinne go raibh aon bhaint riamh aige le scrúdú cainte na hArdteistiméireachta.

Cimíd an fuirseadh agus an útamáil ar fad a bhain le hiompó ar an nGaeilge don gcéad uair maidin an scrúdaithe féin — duine amháin ag cleachtadh os comhair an scátháin, duine eile ag caitheamh amach, agus créatúr eile fós ag caitheamh a chuid *ventolin* go tiubh ag deireadh gach abairte agus é istigh i dteannta an scrúdaitheora.

Gan amhras tá áibhéil mhór ag oibriú anso ar mhaithe le pointe a chur i gcion orainn go greannmhar, ach is féidir trua-mhéil agus ainnise an scéil a bhraistint mar sin féin. Tharlódh gur mar gheall air seo a cuireadh an scannán *The Snapper* i

gcuimhne dom. Ní raibh aon iontas mór ag baint leis an dtéama ach cuireadh i láthair go héifeachtach agus go fuinniúil é agus ba léir cá raibh an scannán ag dul agus cad a bhí á rá aige.

Bhraithes go raibh Seán McGinley (an scrúdaitheoir) ábhairín róláidir ar uairibh agus crá an ghnó á léiriú aige, ach is dócha ná raibh so gan a bheith oiriúnach nuair a áiríonn tú cúlra na háifeise is na háibhéile a bhí mar chuid lárnach den gcur i láthair trí chéile.

Má thuigeas a raibh á dhéanamh ag scríbhneoir *Lipservice*, ní mar sin a bhí agam i gcás *Cosa Nite*. Cheapas gur scéal seanphléite go maith a bhí mar ábhar ann — easpa grá, fuilleach leathair mar chúiteamh ar an easpa so, marú agus cogadh dearg mar leigheas uirthi agus, ar eagla ná tuigfimis a raibh tarlaithe, lámh an fhir mhairbh ag gobadh aníos ón bportach.

Bhí mo shúil in airde i gcónaí agam le teachtaireacht éagsúil eile ach is baolach nár aithníos sa aon ní dá saghas. Bhraith-eas ar uairibh gur ag féachaint ar ollchlár *Ros na Rún* a bhíos toisc roinnt mhaith d'aisteoirí an chlár sin a bheith ann agus toisc, leis, gur ródhealraitheach lena chéile pearsain na n-aisteoirí seo ar an dá 'stáitse'.

Chun a cheart a thabhairt do *Cosa Nite*, deinim amach go raibh sé ar an scannán is mó dóibh go gcreidfeá an chaint ann toisc, b'fhéidir, cúpla cainteoir dúchais a bheith i measc na n-aisteoirí, rud a chabhraigh go mór le cruthú an phub agus an phortaigh mar dhá shuíomh cainte agus gnímh.

Ní fhéadfainn a rá go macánta gur bhaineas féin aon tsásamh puinn as *Aqua*, an tríú scannán a teaspánadh. Bíodh is gur scannán gairid a bhí i gceist bhí sé rófhada ar fad don méid a bhí ag titim amach ann, má thit aon ní amach ann dáiríre. Éiríonn leis an scannán sa mhéid is go dtuigeann tú láithreach cé chomh simplí agus cé chomh saonta is atá an bheirt agus, más ea, tuigeann tú ná beidh aon rath go deo orthu dá bharr.

Nuair a chuala na focail "beidh sé *mega*" ó dhuine dóibh agus i ag trácht ar an airgead mór a dhéanfaidís ó fhuaim-eanna aibhneacha na hÉireann a chur ar téip is a dhíol le Meiriceánaigh, bhí a fhios agam cad a bhí romham amach.

Chuaigh sé dian orm mórán de chomhrá na beirte a chreidiúint mar chaint nádúrtha, agus b'ait liom agus ba ghránna liom na fuaimeanna a bhí le clos idir uisce na habhann agus ghlór an tseanduine a tháinig amach ar an dtéip go raibh an cath in airde aige mar gheall ar an ngnó suarach so ar fad.

Gradam do scannán Gaeilge

BRONNADH GRADAM an lucht féachana ar an ngearrscannán Gaeilge *Lipservice* ag Féile Scannán Chorcaí le déanaí. Bhí an scannán i gcomórtas le 120 scannán eile agus is díol suntais é an gradam, go háirithe nuair a chuireann tú san áireamh nach raibh aon fhotheidil ann — agus nach mbeidh, de réir TnaG. Fuair sé moladh speisialta ó na moltóirí chomh maith.

Aor faoi pháistí ó thuaisceart Bhaile Átha Cliath ag béalscrúdú Gaeilge is ea *Lipservice*. Ar na haisteoirí ann tá Seán McGinley, Brid Ní Neachtain agus Máire Ní Neachtain. Ba é Paul Mercier a scríobh agus a stiúraigh, Fiach Mac Conghail agus Joan Conway a léirigh do Brother Films. Beidh sé le feiceáil ar TnaG ar an 3 Samhain.

Taispeánadh dhá ghearrscannán Gaeilge eile ag an bhféile, faoi sceim Oscailt de chuid TnaG agus Bord Scannán na hÉireann. B'iad sin *Aqua* agus *Cosa Nite*.

'Fabhalscéal samhlaíoch' an cur síos a dhéanann TnaG ar *Aqua*, le Nina Fitzpatrick. Baineann sé le sceim cham chun airgead a dhéanamh go tapaigh trí fhuaim-eanna aibhneacha na hÉireann a dhíol le Gael-Mheiriceánaigh. Siad Colm Lydon agus Anne Learmont na haisteoirí. Edel O'Brien a stiúraigh agus b'iad Cúán Ó Conghail agus Joy Giovannelli a léirigh don chomhlacht Macalla Teo. Beidh sé le feiceáil ar scáileán TnaG ar an 10 Samhain.


Sceinséir dúghrinn a thugtar ar *Cosa Nite*, chéadscannán an ealaíontóra agus scríbhneora Darach Ó Scolai. Saint. adhaltranas agus dúnmharú i dteach tábhairne i gConamara atá mar chúla don scéal. I measc na n-aisteoirí ann tá Macdara Ó Fátharta, Máire Ní Mháille, Diarmaid Mac an Adhastair agus Pádraig Ó Tuairisg. B'i Dearbhla Walsh a stiúraigh agus Ciarán Ó Cofaigh a léirigh do Rosg Teo. Craolfar é ar an 17 Samhain.

TEILIFÍS NA GAELIGE a mhúchadh, a bhfuil de Ghaeilge uirthi a chur i sceideal RTÉ, agus stáisiún spóirt a chraoladh ina háit: sin é éileamh Dhonncha Uí Éallaithe san iris *Force 10*. É sin, nó 'Teilifís na Gaeltachta' a dhéanamh di. Maíonn Ó hÉallaithe nach bhfuil TnaG ag freastal ar mhuintir na Gaeltachta. Chuir Pól Ó Foighil scéal amach go bhfuil sé ar aon fhocal leis.

Cé hiad muintir na Gaeltachta? Tá cuid díobh in Éirinn agus cuid díobh in Albain. Bhí roinnt mhaith Gàidhlighe ar TnaG le dhá bhliain anuas — *Machair*, cuid de *Muintir na nOileán*. Muintir na Gaeltachta? Tá cuid díobh sa Daingean, agus cuid díobh i mBaile Átha Cliath. *C.U. Burn*, *Fód Dúchais*, *An Seanchaí*, *An Craiceann 's a Luach* — rinne TnaG freastal ar mhuintir na Gaeltachta ó tháinig ann di.

Ach caithimís i dtraipisí an tseantuisicint a bhí ann ar an nGaeltacht. Is rud atá sa nGaeltacht feasta, ní áit. Munarb ea riamh. Is cuid den Ghaeltacht é gach Gaeilgeoir, dubh bán agus riabhach. Is é gnó TnaG freastal orthusan. Agus is ceist eile ar fad í ceist na teilifíse pobail i ndeisceart Chonamara.

Teilifís na Gaeilge a mhúchadh, agus teilifís phobail a chur ina háit: is ar staitisticí atá an t-éileamh bunaithe. Breathnaíonn na céadta mílte ar TnaG, ach ar chláracha seachas na cláracha Gaeilge — GAA



CLOCHA BEAGA SCARHA Diarmuid Johnson

breathnú orthu an t-am sin.

Tá dhá ní anseo is gá a choinneáil glan ar a chéile: an fhadhb agus an réiteach. Seo í an fhadhb: polasaí TnaG, agus chomh mór ar strae is atá sé. Ag díriú ar lucht an Bhéarla a bhíonn siad. Ag ceapadh fógraí Béarla. Ag iarraidh Béarlóirí a mhealladh.

TÁ AN polasaí seo bunaithe ar mheon na hathbheochana. Sin é an meon atá ag eagraisí Gaeilge na tíre. Athréimniú na Gaeilge ar fud na tíre. Ach tá an lá sin caite. Tá an port sin seinnte. Ní bheidh athréimniú na Gaeilge ann. Ach ceaptar fós go mbeidh, agus is rud díobhálach é.

agus lucht a léirithe. Nó go mbeidh sin ann, níl ann ach caitheamh spallaí.

Teilifís na Gaeltachta a chur in áit Theilifís na Gaeilge: cén cruthúnas atá ann go mbreathnófaí uirthi? Cá bhfios nach *monumental mistake* a bheadh ann?

Cén fáth a mbreathnódh duine ar *Ros na Rún* ar Theilifís na Gaeltachta, seachas breathnú air ar Theilifís na Gaeilge? Is céadchodán beag de phobal ar bith a bhreathnaíonn ar stáisiún ar bith. Seans gur roinnt céadta a bheadh ag breathnú ar Theilifís na Gaeltachta cuid den am.

Na tuairimí atá ag lucht na teilifíse pobail, tháinig siad chun cinn sna hochtóidí. Ach is mór an t-athrú saoil atá ó shin ann. An bhfuil bunús leis na tuairimí seo feasta? Ná sílimís gurb ionann Gaeltacht na naochaidí agus an Ghaeltacht fadó.

An eaglais, an GAA agus Fianna Fáil: tríonóid is bunchloch do chultúr na hÉireann. Léann an gnáthdhuine an *Star*, an *Farmers' Journal*. Breathnaíonn sé ar *Glenroe*. Sin mar atá i gConamara ach féile an Phléaráca agus na geallta bád a chur leis. Tá ábhar cláracha ann seo, ach an leor é le hábhar a choinneáil le stáisiún teilifíse?

Cuid de na cláracha faisnéise ón iasacht ar cuireadh Gaeilge orthu — *Na Críocha Diamhra*, *Silleadh Súl* — d'fhág siad cuma an *home video* ar roinnt dár tháinig ina ndiaidh.

Is é feabhas na glár an chloch is mó ar an bpáidrin i saol na teilifíse. An mbíonn cláracha ar chaighdeán ard ar theilifís phobail?

Pé scéal é, má tá gá le teilifís phobail, cén fáth nach bhfuil an pobal sin á éileamh dóibh féin? Béarlóirí dúchais, intleachtóirí: sin iad atá ag labhairt go poiblí thar ceann phobal Chonamara ó chuaigh Des Fennell go Muighinis.

Ní ceart TnaG a chur den aer. Ar a laghad ar bith, fad a bheas sí ann, is féidir feabhas a chur uirthi. Cuir na cláracha Gaeilge ar RTÉ, agus diaidh ar ndiaidh rachaidh siad i léig. Agus más cúrsaí spóirt a mheallann lucht féachana TnaG, déantar freastal orthu. Agus bíodh an tráchttaireacht i nGaeilge.

'Béarlóirí dúchais atá ag labhairt go poiblí thar ceann phobal Chonamara ó chuaigh Des Fennell go Muighinis'

Gold nó *Euronews*, mar shampla. Maidir leis na cláracha Gaeilge, is annamh a théann an lucht féachana siúd thar deich míle, a deir Ó hÉallaithe.

Agus rud eile, nuair a athchraoltar rogha de chláracha TnaG ar RTÉ — *Síbin*, *Éire Neodrach* — bíonn na céadta mílte ag

Sin í an fhadhb. Cá bhfuil an réiteach? Teilifís na Gaeltachta — is é sin teilifís phobail? Níl ansin ach ainm. Cén tsubstaint a bheadh ann?

Na daoine atá ag éileamh theilifís Ghaeltachta, cuiridís plean cuimsitheach os ár gcomhair: sceideal agus ábhar na gláracha,



Labhair Cuisle le Máire Seoighe, Tóin le Gaoith, Co Mhuigh Eo, faoin gcaitheamh aimsire a bhí ag na páistí fadó. Seo cuid den chaint a rinne sí

Cat faoin Drisiúr



1. "NÁ BÍ i do chat faoin drisiúr". Sin é a deireadh Mamó mura mbeadh fonn spraoi ar dhuine de na páistí. 'An cat faoin drisiúr' a bhaist muide ansin ar an bhfolach bíog. Taobh amuigh a d'imríodh muid é sin, mar go deimhin is beag áit a bhí sa teach.

2. Bhí cúpla cró i bhfoisceacht beagán achair den teach, ach ní ghabhfá isteach ansin ar chraiceann do chluaise, nó bheadh Deaide i do dhiaidh is maide ina láimh. Bhí cluichí eile ann freisin seachas folach bíog. Laethanta breátha, dhéanadh muid rite reait ar an tsráid. Tarraing líne is caith léim agus preab. An té is faide a chaitheadh léim is preab, is aige a bhí an bua. D'fhéadfá seasamh siar ón líne agus cúpla sársa a thabhairt i dtosach. Thugadh muide an rite reait air sin.

3. Ar ndóigh, ní hé lá na báistí lá na bpáistí, agus chaithfí siamsa a dhéanamh sa teach mura mbeadh triomach ann. Bhí páistín sa teach, mo dheirfiúr Cáit, nuair a bhí mise beag óg, agus chaithinnse laethanta fliucha ag spraoi le Cáit. 'Cosa beaga buí ag imeacht leis an ngaoth,' a

chanadh mo mháthair di. Nó amhrán suain: 'Chuirfinnse mo leanbh a chodladh, lá breá gréine idir dhá Nollaig. i gliabhán óir faoi bhraillín olla, ar bharr na gcraobh is an ghaoth á bhogadh.'

4. Ach ní raibh spraoi ar bith le hais an spraoi a bhainfeá as na caitíní, agus bhíodh caitíní go leor againne. Ar ndóigh, dá mbéarfá greim d'riobaill ar cheann acu, is garr gur cat faoin drisiúr a bheadh ann!

5. Ní raibh uait ach téad agus b'fhéidir píosa de chaorán móna nó eile a chur i bhfostú ann, agus chuirfeá an caitín ar fud an tí leis. Chuireadh muid rud eile i bhfostú sna téada sa bhfómhar ar ndóigh, agus sin iad na cnónna capaill. Sula mbíodh na cnónna aibí ar chor ar bith, bhíodh buachaillí báire an bhaile ag dreapadh sna crainnte ag iarraidh iad a bhaint. Thugaidís an chraobh leo uaireanta freisin.

4. **le hais** - compared to; **caitíní** - kittens; **greim d'riobaill a bhreith air** - to grab its tail.

5. **caorán móna** - a small piece of turf; **i bhfostú** - attached; **cnónnaí capaill** - chestnuts; **aibí** - ripe; **buachaillí báire an bhaile** -

the local boys; **ag dreapadh** - climbing; **an chraobh a thabhairt leat** - to take the top-prize/to pull down the branch.

Seo í AN CHLUID,
áit chompordach
cois tine don
tuismitheoir agus
don pháiste.
Tarraing suas do
chathaoir.
Fáilte isteach!

1. **fonn spraoi** - to feel like playing; **a bhaist muid** - we called (it); **folach bíog** - hide-and-go-seek.
2. **cró** - stable; **i bhfoisceacht beagán achair** - a short distance from; **ar chraiceann do chluaise** - for fear of your life; **maide** - a stick; **seachas** - apart from; **rite reait** - cluiche cosúil le 'hop skip and jump'; **preab** - a hop; **an té is faide a chaithfeadh léim** - the person who would jump furthest; **cúpla sársa** - a couple of big steps.
3. **siamsa** - entertainment; **triomach** - dry weather; **amhrán suain** - a lullaby; **idir dhá Nollaig** - between Christmas day and the sixth of January; **cliabhán óir** - a golden cradle; **braillín olla** - a woollen sheet; **ar bharr na gcraobh** - on the treetops; **á bhogadh** - rocking.

ABOUT 24,000 teenagers went to summer college in the Gaeltacht this year, while the number of pupils at the country's 146 gaelscoileanna has also reached 24,000. *Rabhláí Rabhláí*, a collection of songs and rhymes from Corca Dhuibhne, has set a new standard in audiovisual productions for children. TnaG's *Cúlábúla* has had success in attracting a young audience, while teenagers can also follow *Ros na Rún* and read magazines such as *Óige na Gaeltachta* and *Mahogany Gaspípe*. They can also look forward to some attention from Raidió na Gaeltachta when the station's programme hours are extended next year.

Dhá Theanga na hÓige

Roiheard Ó hEartáin

BHÍOS AR chuairt ar mo Dheaid i mBleá Cliath anuraidh nuair a tháinig mac mo dheirfire, é 15 ag an am, isteach sa chistin. Bhí trí sheachtain caite aige i gcoláiste samhraidh ar an gCeathrún Rua. "Cén chaoi a bhfuil tú?" arsa mise. Bhí ciúnas fada ann.

Ní raibh d'fhreagra ag an stócach ach "Oh shit!" agus amach an doras leis. D'fhill sé ar ball nuair a bhí an náire curtha de aige agus thosaigh sé ag spalpadh Gaeilge linn. Is cuma leis anois an cúpla focal a úsáid liomsa nó le daoine

eile sa chlann. Tá sé tar éis glacadh leis an Ghaeilge mar chuid eile dá shaol, bíodh is gur cuid ana-bheag í, agus is beag duine óg nach mbeadh an dearcadh céanna aige/aici. Is sinne a dhéanann an cinneadh an tarna teanga a úsáid nó gan í a úsáid sa bhaile agus tá sé níos éasca tosnú le leanbh óg ná le déagóir ceandána.

Ag tús na seachtóidí ní raibh ach 16 scoil lánGhaelach lasmuigh den Gaeltacht. Anois tá 146 scoil ann agus 23,898 dalta ag freastal orthu. Is léir go bhfuil níos mó daoine ag dul le hoideachas

lánGhaelach lena chinntiú go mbeidh an tarna teanga ar a dtóil ag a gcuid gasúr. Ní hé seo an t-aon athrú amháin atá tarlaithé ó shin i leith, mar tá fás tagtha ar líon na leabhar Gaeilge atá ar fáil anois, go háirithe do leanaí óga.


Léirigh taighde a dhein Institiúid Teangeolaíochta na hÉireann anuraidh áfach, *An Luath-Thumadh in Éirinn; na Naíonraí* go bhfuil "níos mó leabhair le téipeanna ag teastáil". Deir Tina Hickey ón Institiúid "go bhfuil leabhra le téipeanna ar cheann de na háiseanna is luachmhair atá ann do thuismitheoirí atá ag iarraidh a bpáistí a thógáil le Gaeilge". Má tá cóip de *Rabhláí Rabhláí* (1998) agat, tuigfidh tú chomh luachmhar agus atá a leithéid d'áis.

Ó tháinig TnaG ar an aer, tá fás mór tagtha ar líon na gcláracha atá ar fáil do ghasúir bunscoile; *Cúlábúla* agus a chuid cartún, *Húdaí* ag spochadh as muintir Chonamara, agus *Echo Island* ar RTÉ. Agus má tá sé de nós agat do leanbh a fhágáil os comhair na teilifíse ar feadh an lae, ní haon dochar iad a bheathú ar chartúin de chuid *Bouli*, *Muzzi* agus *Réaltóg* atá ar fáil ar fhístéipeanna.

Do dhéagóirí géarchúiseacha na nóchaidí, tá *Ros na Rún* agus *Pop TV* ar TnaG agus tá na hirisí *Mahogany Gaspípe* agus *Óige na Gaeltachta* dóibh le léamh. Deir Tomás Mac Con Iomaire, Eagarthóir Stiúrtha Cláracha Raidió na Gaeltachta, "go mbeidh muid ag craoladh cláracha do dhéagóirí an bhliain seo chugainn nuair a thagann na huaircanta breise craolacháin".

Tá cruasach de rannta traidisiúnta i nGaeilge do pháistí eisithe ag an Aonad Forbartha Curaclaim, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach i gcomhar le hOidhreacht Chorca Dhuibhne. 31 rian atá ar *Rabhláí Rabhláí*. Is é an ceoltóir clúiteach Steve Cooney a rinne an cóiriú agus léiriú ceoil.

Rabhláí Rabhláí



31 Traditional Rhymes in Irish for Children
with Accompanying Music.

Oíche Shamhna san Afraic

Fadó riamh, nuair a bhí Rua ina leon beag san Afraic, chuaigh sé ag baint chnónna i gcomhair oíche Shamhna. Chuir sé air a chuid buataisí, mar bíonn puiteach sa gcoill, agus chuir sé mála timpeall a mhuinéil.

"Cá bhfuil tú ag dul, a Rua?" arsa Deaide Rua.


"Ó, chuig an gcoill," arsa Rua.

"Céard atá uait sa gcoill?"

"Tá mé ag iarraidh cnónnaí a bhaint," arsa Rua. "Anocht oíche Shamhna."

"Cén fáth a bhfuil cnónna uait?" arsa Deaide Rua, "is leon tú, is ní itheann na leoin cnónna."

Ba chuma le Rua, mar bhí sé tuirseach ag ithe feola, agus d'imigh sé leis. Ní raibh sé leis féin sa gcoill riamh. Coill mhór dhorchá . . . cá cá — bhain na



Hello, a pháistí! Cén chaoi a bhfuil sibh? An bhfuil sibh ag súil le hoíche Shamhna? Beidh úll mór blasta agamsa oíche Shamhna! Cogar, seo scéal daoibh. Iarraigí ar Mhamáí nó Deaide é a léamh.

préacháin geit as — cá bhfuil tú ag dul?

Níor thug Rua aon aird ar na préacháin. Bhailigh sé lán mála cnónna chomh tapaídh is a bhí sé in ann, agus abhaile leis.

"Céard a dhéanfaidh mé le mo chuid cnónnaí?" arsa Rua, nuair a bhí na cnónna faoin leaba aige. "Íosfaidh mé anocht iad nuair a bheidh Mamaí is Deaide ina gcodladh," ar sé.

Téann na leoin a chodladh luath san Afraic, oíche Shamhna fiú. Bhí a chodladh ag titim ar Rua freisin, ach smaoinigh sé ar na cnónna blasta . . .

Nuair a bhí an ghealach go hard sa spéir, agus gan oiread is seangán ina dhúiseacht san Afraic, thóg sé amach an mála: bhí sé folamh! Phreab a chroí.

Líon na deora a dhá shúil.

Ach is leon beag stuama é Rua. "Muna bhfuil mo chuid cnónnaí faoin leaba, tá siad in áit éigin eile," ar sé. Ach cén áit? Tharraing sé siar na braillíní. Bhreathnaigh sé faoin bpiliúr. Chuaigh sé isteach faoin leaba. Bhí mála eile faoin leaba. Agus is ann a bhí na cnónna. Rua bocht, bhreathnaigh sé sa mála mícheart an chéad uair!

Nuair a d'éirigh Rua ar maidin, bhí Mamaí agus Deaide ina suí ag an mbord. "Tá do chuid cócó réidh," arsa Mamaí. Shuigh Rua síos, ach níor ól sé ach leath a chuid cócó.

"Céard atá ort?" arsa Mamaí, "an é nach bhfuil ocras ort?"

"Tá mo bholg tinn," arsa Rua. Agus bhí . . . bhí lán mála cnónna ite aige!

(Ar lean an mhí seo chugainn)



Oíche Shambhna, bíonn an píca amuigh. Fágann na taibhsí an saol eile agus suas leo sna néalta. Éiríonn an chailleach feasa amach agus ligeann scréach aisti. Cuir dathanna ar an gcailleach.




Léaráid: JOHNNY HUGHES

Continuing our series on Connemara placenames, Tim Robinson gets his boots wet in a Rosmuc turlough

Camchuart Chonamara

Leagan Gaeilge le BRIDGET BHREATHNACH



TIM ROBINSON

TURLACH IS ainm don bhaile atá suite idir Doire Iorrais agus Rosmuc, agus is é a bhí faoi chaibidil agam san alt deiridh. Bíonn cur síos míchruinn sna leabhra geolaíochta agus tíreolaíochta ar an bhfocal 'turlach': tugann siad le fios gur 'tur' 'tirim' agus 'loch' atá ann, ach níl sa siolla deiridh ach iarmhír, rud is léir ar na logainmneacha, *Baile an Turlaigh*, cuir i gcás.

Is éard is turlach ann áit a thriomaíonn tar éis dó a bheith faoi uisce. Is i ndeisceart na Gaillimhe agus i gceantair aolchloiche eile is mó a bhíonn turlaigh le feiceáil, áit a mbíonn réimsí leathana uisce ag teacht chun follais nó ag dul ó léargas de réir mar a bhíonn leibhéal uisce na talún faoin leic scoilte ag éirí nó ag titim.

Na turlaigh seo a mbíonn lusra agus ainmhithe faoi leith iontu, is beag díobh atá taobh amuigh d'Éirinn, agus ar an gcúis seo ghlac lucht eolaíochta ar fud an domhain leis an bhfocal Gaeilge. (Tá dhá fhocal Gaeilge eile ann a bhíonn sna leabhra geolaíochta: droimlín — cnocán mín a bhfuil dríodar ón sruth oighre ann, agus eiscir — iomaire ghraibhéil, cor agus casadh ann, áit a raibh grinneall abhann faoin leac oighre fadó.)

Cé go bhfuil spéis ag daoine ar fud an domhain sna gnéithe aiceanta seo, in Éirinn déanann muid iad a scrios le cairéalú agus draenáil.

Ach cén fáth ar tugadh *An Turlach* ar an mbaile seo siar ó Ros Muc? Deirtear liom gur tagairt atá ann don loch taobh le Teach an Phiarsaigh, ach sin loch nach dtriomaíonn.

D'fhéadfadh sé go mbíodh breis tuile mórthimpeall air sa ngeimhreadh fadó, ach níl aon turlach i gceantar eibhir dheisceart Chonamara

1921 le díoltas a bhaint amach do Luíochán na Scribe. Ba le máistir scoile ón áit an teach an t-am sin, agus rinne sé é a athógáil i 1924.

Tháinig an teach faoi chúram Choimisinéir na nOibreacha Poiblí i 1943, cuireadh an troscán cuí ann, agus coinnítear anois é i gcuimhne ar an té — cuairteoir aduain — a chaitheadh an samhradh i Rosmuc seachtó bliain ó shin.


Cnocán an Phiarsaigh atá ar an áit a bhfuil an teach; deirtear liom gur anseo a shuíodh sé lena chuid scríbhneoireachta a dhéanamh. Deirtear freisin gur ar an Aill Mhór a sheas Eoinín na nÉan agus é ag breathnú ar na fáinleoga ag imeacht, scéal a chuir gasúir scoile i gcoinne na héaneolaíochta ar feadh na mblianta, déarfainn.

Cuirfidh cuid de na logainmneacha eile obair liteartha an Phiarsaigh i gcuimhne do dhuine mar is léir thíos.

Is ceist chrua í ainm an locha féin. *Loch Eileabhrach* a scríobh an Píarsach, agus cloistear sin

sa gcaint go minic. Déantar fuaim an 'l' agus an 'r' a mhalartú freisin ionas go ndeirtear *Loch Oiriúnach*. *Lough Arolagh* a tugadh air ar mhapa na Suirbhéireachta Ordanáis, agus i nótaí na suirbhéirithe féin is Loch a' Ruadhlocha a tugadh air. Ní ciall ar bith leis sin ach 'loch an locha dheirg'.

Is dócha go bhfuil an bunús céanna leis an ainm *Ervallagh* i gCloch na Rón, agus b'fhéidir an logainm *Erueogh* atá ar mhapa Petty a deineadh in 1883 (meastú an maireann an t-ainm?) Deir muintir na háite liom gur ón bhfiántas díreach ó



inchurtha le fíorthur-laigh na gceantar aolchloiche.

Aisling Gheal

Tá an loch seo buailte ar cheann de shuíomhanna tábhachtacha náisiún-achas na hÉireann, suíomh Theach an Phiarsaigh, rud a chuireann aisling Ghaelach i gcuimhne do dhuine.

Teaichín aoldaithe ceann tuí ar chnocán ar bhrúach an locha atá ann. Cheannaigh an Píarsach an giodán talúna seo i 1905 agus tógadh a theach samhraidh ann i 1910. Dhóigh na Black and Tans an teach i

dheas de a fhaigheann loch an Phiarsaigh a ainm.

Dar leis an Ollamh Ó Máille go n-eascraíonn na focla seo ar fad ó foithir, áit nach bhfuil ina mhintir, nó ó foithriúil, is é sin áit a bheadh lán le sceacha. Iarmhír substaintiúil atá san ach.

Ó dheas de Loch Oiriúlach a théann an bóthar isteach go leithinis Rosmuc, as sin thar ard beag darbh ainm *Clocha Leachta*, áit a bhfuil leacracha móra míne mar a gcastaí muintir na háite ar a chéile sa seanam. Tá seanreilig Chill Eoin buailte leis an áit seo.

Leathmhíle níos faide ó dheas, tá baile Chill Bhriocáin, baile a bheidh faoi chaibidil orm sa gcéad alt eile.

Snámh Bó

Má thugann tú aghaidh soir anseo tiocfaidh tú chuig *Snámh Bó* le cladach. Ciallaíonn an t-ainm seo 'áth na mbeithí': is anseo a chuiridís na beithí trasna an chaolais mhara. Bhí sé i bhfad níos éasca orthu na beithí a thabhairt an bealach seo chuig aonach Dhoire an Fhia, seachas turas

fada a chur orthu féin timpeall ar Scríb.

Tugtar *Camus* ar an mbaile atá suite trasna ó Shnámh Bó mar gheall ar an gcasadh a chuireann an cuan de timpeall ar Chamás agus ceithre mhíle i dtír chomh fada le Foirnéis. Bhíodh áit bhrúithnithe iarainn anseo dhá chéad bliain ó shin, agus d'iompraíodh na báid an t-iarann an cuan amach. Tá cloch ar a dtugtar *Carraig an Iarainn* suite ceithre chéad slat ó thuaidh den áth ag Snámh Bó, áit ar scriosadh bád a bhí ag iompar iarainn.

Dún Mánas atá ar an gceantar timpeall ar an mbealach trasna. Déarfainn gur tagairt don chuan atá sa *dún* sa gcás seo, seachas d'áras cloch (níl fothracha ar bith san áit chomh fada le m'eolas). Tugtar Cora Dhún Mánas ar an gceann talún díreach ó thuaidh de ar thaobh Shnámh Bó.

Tá carraig ar a dtugtar *Carraig na hEascainne* amach ó ghob an 'chora' seo. D'inis fear ón áit scéal áibhéileach dom faoi bheirt bhan a bhí ag baint fheamainne nuair a chuir eascann mhór a cloigeann

aníos: rinne duine de na mná é a shá le píce, d'imigh an eascann as amharc agus d'fhág dath a cuid fola ar an bhfarraige.

Ar mhapa na Suirbhéireachta Ordanáis, tugtar Oileán Dún Mánas ar an oileáinín atá suite ag an mbealach trasna, ach is é *Oileán an Bhaicín* atá air san áit.

De réir an bhéaloideas, imríodh cleas gránna ar bhacach anseo tráth: mealladh ann é ar lagtrá, nuair a bhí sé in ann siúl amach ann, ach sáinníodh ann é nuair a chas an taoille. Ar chúis éigin, adhlacadh an baicín ar *Chora an Ghréasaí* atá dhá mhíle níos faide ó thuaidh.

Bhí sé á bheartú (ag Bord na gCeantar Cúng déarfainn) bealach buan a thógáil trasna ar an sruthán sáile idir Rosmuc agus Camas, agus tá cuid bheag den chosán sin fágtha ar Oileán an Bhaicín ó shin. Níor críochnaíodh an togra, agus má tá fírinne ar bith sa mbéaloideas, is maith an scéal nár críochnaíodh.

Deir seantairngreacht go dtiocfaidh deireadh leis an saol nuair a bheidh díon ar shéipéal na Minna, agus droichead ar Dhún Mánas.

Forbairt na Gaeltachta...

...forbairt na Gaillimhe

Forbairt chultúrtha, shóisialta agus thionsclaíochta

na Gaeltachta - sin é cúram Údarás na Gaeltachta

Tá páirt duitse san obair thábhachtach seo!



Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh. Tel: (091) 503100 Facs: (091) 503101



Réaltóga na Páirce

Mac Dara Mac Donncha

CÉ hIAD Allstars peile na bliana? Fógrófar an liosta oifigiúil go luath an mhí seo chugainn. Ach oiread le blianta eile, ní dócha go mbeidh aon bheirt ar aon intinn faoin rogha. Ach nach é sin an spraoi!

Tá lochtanna beaga ar an gcóras, agus fágadh imreoirí maithe ar lár cheana: cuimhním go speisialta ar bhliain nár roghnaíodh Brian Whelehan ar an fhoireann iomanaíochta cé gur bronnadh an gradam imreoir na bliana air!

Ach is breá an rud é go bhfuil aitheantas á thabhairt do na himreoirí is fearr chuile bhliain, agus glacann siad le gradam Allstar mar onóir mhór.

Seo é mo rogha féin:
Bhí sárbhliain ag **Martin**

RÉALTÓGA 1998

Martin McNamara (Gaillimh)		
Brian Lacy (Cill Dara)	Seán Martin Lockhart (Doire)	Tomás Mannion (Gaillimh)
Séamas Moynihan (Ciarraí)	Glen Ryan (Cill Dara)	Seán Óg de Paor (Gaillimh)
Dara Ó Sé (Ciarraí)		Niall Buckley (Cill Dara)
Michael Donnellan (Gaillimh)	Jarlath Fallon (Gaillimh)	Dermot Earley (Cill Dara)
Vinny Claffey (Uíbh Fhálá)	Pádraig Joyce (Gaillimh)	Declan Browne (Tiobrad Árann)

McNamara na Gaillimhe agus rinne sé an t-aicsean dá chumann, Cora Fine, chomh maith. Nuair ba ghá, rinne sé cúpla sábháil den scoth, agus bhí sé thar a bheith stuama lena chiceanna amach, go háirithe sa



MARTIN McNAMARA
pic: Mike Shaughnessy

chúilín a fháil i gCraobh Chonnacht.

Ní raibh aon lánchúláir iontach ann i mbliana. B'fhéidir gur idir Ronan Quinn Chill Dara, cailliúint an-mhór dóibh sa gcluiche ceannais, agus **Seán Martin Lockhart** atá sé agus gurbh é Lockhart a bheas ann.

Ar ndóigh, leis an gcóras nua vótála, ina dtoghtar seisear cosantóirí, d'fhéadfadh Cathal Daly as Uíbh Fhálí ionad a bhaint amach.

Ní aontaím leis an gcóras seo. Ar fhoireann iománaíochta na bliana 1995, ainmníodh Liam Doyle as Co an Chláir, (fear a bhí dochloíte sa líne leathchúil i gcaitheamh na bliana uilig) sa líne lánchúil, cé nár imir sé aon chluiche ann! Níl ciall ná réasún leis seo.

Leathchúl Éasca

TÁ AN líne leathchúil éasca go maith domsa: **Séamus Moynihan, Glen Ryan**, agus **Seán Óg de Paor**. Aon uair a bhí tosach ag tabhairt trioblóide do Chiarraí, cuireadh Moynihan siar air i mbliana.

Bhí Glen Ryan inspioráid-each mar chaipín ar Chill Dara, agus d'aimsigh de Paor cúig chúilín i gcluichí éagsúla.

Níl lár na páirce ró-éasca



PÁIRIC JOYCE
pic: Mike Shaughnessy

dara leath den gcluiche ceannais. Sin é mo chúlbaire-se.

Sna cúinní sa líne lánchúil bheadh Brian Lacy, fear a bhí thar cionn go dtí an cluiche ceannais, agus **Tomás Mannion**, fear a d'imir ar fheabhas, go háirithe sna babhtáí deiridh. Choinnigh Lacy srian doscaoilte ar Jason Sherlock, Tommy Dowd, agus Maurice Fitzgerald, agus b'éigean Joe Brolly agus Martin Lynch a bhaint den bpáirc toisc cumas Mannion.

Deir lucht leanta Thiobrad Árann go mbeadh Craobh na Mumhan acu siúd mura mbeadh Lacy imithe uathu.

Níos luaithe sa mbliain, bhí Mannion in ann dhá



Múinteoirí Teanga Clár Inseirbhíse an tSamhraidh

Iarrtar ar mhúinteoirí Fraincise, Gearmáinise, Spáinnise agus Iodáilise cur isteach ar dheontais inseirbhíse a chuirfidh ar a gcumas 2-4 sheachtain a chaitheamh ar chlár oiliúna proifisiúnta i mBallstáit eile i gcaitheamh an tSamhraidh. Más gá tabharfaidh an tAonad LINGUA gach cabhair i roghnú cúrsa. Iarratais chuig Aonad LINGUA roimh 1 Nollaig, 1998.

Tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais ó:

Aonad LINGUA, ITÉ, 31 Plás Mhic Liam,

Baile Átha Cliath 2

Teil: 01-6620446/6765489

Fax: 01-6765937



JA FALLON: Ag eitilt go dtí na réalta?

pic: Mike Shaughnessy

agus tá cúigear nó seisear a bheas go mór i gceist don dá ionad; Willie McCreery, Seán Ó Domhnaill, agus Anthony Tohill. Bhí bliain mhaith ag Dara Ó Sé anseo agus is idir Kevin Walsh agus Niall Buckley atá an t-ionad eile. Déarfadh mé Buckley, ach ar éigean!

Beidh Michael Donnellan agus Jarlath Fallon sa líne leath-thosach gan aon amhras, agus is eatarthu a bheas an gradam "peileadóir na bliana".

Bronnadh an gradam "imreoir an chluiche" ar Donnellan sna trí chluiche deireanach craoibhe a d'imir Gaillimh.

D'ardaigh Ja ocht gcúilín déag ón imirt i sé chluiche craoibhe, agus murach é bheith ar fáil i mbliana, ní bheadh an t-aicean déanta ag Gaillimh.

Beidh an-seans ag Dermot Earley an líne sin a chríochnú. Ba mhinic a haistríodh amach é ina thríú imreoir i lár páirce i rith na bliana, agus úsáideadh é go minic chun seilbh a fháil óna gceanna amach.

Istigh sa líne lántosach, níor sheas amach ach Declan Browne, tosaí chomh maith

is atá ann.

B'é seo an príomhscórálaí sa gcomórtas craoibhe uilig, agus más fear beag é, is fear thar a bheith cumasach é. Gheobhadh sé áit ar aon fhoireann contae.


Don ionad ar dheis, beidh Joe Brolly, Derek Savage, agus Martin Lynch san iomaíocht, ach d'fhéadfadh Vinny Claffey é a chrochadh leis.

Bhí sé an-éifeachtach nuair a bhuaigh Uíbh Fháilí an tSraith Náisiúnta, agus ní raibh sé i mbarr a shláinte don chluiche craoibhe i gcoinne na Mí.

Don lántosach, beidh Páraic Joyce, Karl O'Dwyer, agus Tony Boyle i gceist agus b'fhéidir, toisc gur bhuaigh Gaillimh, gurbh é Joyce a ainmneofar.

Tá sé thar a bheith cruinn ó na ciceanna saor, agus thug sé taispeántas den scoth sa gceird chéanna sa gcluiche leathcheannais in aghaidh Dhoire lá fliuch.

Seo í mo fhoireann sa phainéal ar lch 36, más ea. Chuile sheans nach na-aontóidh sibh le mo rogha, ach thógfadh sé foireann sármhaith mo cheannsa a bhuaileadh!



The Ferryman Pub

*Entertainment and live traditional Irish music.
great food served daily 12.00 - 2.30pm from the
Carvery with bar food until 9.00pm.*

The Southbank Restaurant

*Eclectic menu with choice wines and unrivalled
views of the River Liffey - open for lunch
and dinner daily.
Sunday Carvery - served from 12.00 pm*

The Ferryman Hotel

20 comfortable bedrooms all en suite.

**the
ferryman**

35 Sir John Rogerson's Quay,
Dublin 2, Ireland.

Telephone: (01) 671 7053.
Facsimile: (01) 671 8704.

Raidió na Life

102FM

Ó Inbhear Mór go Longfort, ón Muileann gCearr go Dún Dealgan, tá Cúige Laighin ag éisteacht le RnL 102FM. Ó 4.30 go meánoíche i rith na seachtaine, agus ó mheánlae Satharn is Domhnach, is féidir cluas a thabhairt don sceideal óg, comhaimseartha. "Hip-hop as Gaeilge, cá háit eile a bhfaighfeá sin?" arsa Fionnuala Mac Aodha, bainisteoir. Tá RnL 1 gceartlár Bhaile Átha Cliath, agus tá rátaí ísle fógraíochta ag an stáisiún a chinntíonn go mbíonn spéis nach beag ag fógróirí sa tseirbhís. I stiúideo na Life tá trealamh den scoth: meascóir 24 traic analóg agus 8 traic digiteach. Is iomaí duine a fuair tús oiliúna le RnL, Sharon Ní Bheoláin (Nuacht RTÉ), Fachtna Ó Drisceoil (Nuacht TnaG), Sinéad Caomhánach (Echo Island), Michael McCormack (Léargas). Tá RnL ag cur lena chuid cláracha. *Ciao*, le Tony Kirby, ní foláir ná gurb é seo an t-aon chlár de cheol na hIodáile ins an tír — níl *play-lists* ar bith i RnL. Tá RnL 102FM cùig bhliana ar an aer. Bígí linn is muid ag dul i neart.

16:30-24:00

I rith na seachtaine

12:00-24:00

ag an deireadh seachtaine

102 FM
Raidió na Life

**Hip hop, jazz,
trance, trad, rock,
ceol na cruinne, ceol
claisiceach is breis eile**

Téann Cuisle



go domhain
sa scéal

CUISLE

14 EAGRÁN AR £20!

Glac síntiús agus gheobhaidh tú suas le ceithre eagrán
saor in aisce

Get up to five free issues when you subscribe to **Cuisle**

Cuirfidh muid an chéad dá eagrán eile de *Cuisle* chugat – SAOR IN AISCE. Má thaitníonn siad leat, ní íocfaidh tú ansin ach IR£20 nó UK£20 (US\$80 postas san áireamh) le haghaidh naoi gcinn eile. Sin 11 eagrán san iomlán, ina measc eagrán speisialta Iúil/Lúnasa. AGUS, mar thairiscint speisialta ar thairseach na mílaoise, leanfaidh muid ar aghaidh ag cur na hirise chugat gach mí go dtí Eanáir 2000!

Níl aon cheangal ortsa leanacht leis an síntiús tar éis an chéad dá eagrán a léamh. Muna dtaitníonn siad leat, ní call duit ach na focail 'CUIR AR CEAL' a scríobh ar an mbille a chuirfidh muide chugat agus é a sheoladh ar ais chugainn. Cuma céard a shocraíonn tú, beidh an dá eagrán agat le coinneáil i gcónaí. Ní gá ach an fhoirm thíos a líonadh isteach agus a chur sa phost.

We'll send you the next two issues of *Cuisle* – ABSOLUTELY FREE. If you like them, you'll pay just IR£20 or UK£20 (US\$80 including postage) for nine additional issues, including the special July/August summer issue. AND, if you subscribe then you will avail of our special millennium offer: at no extra cost we will continue to post you the magazine until January 2000. That's up to five free issues of Ireland's premier Irish-language magazine.

If you're not completely satisfied with your preview copies, simply write 'CANCEL' on your invoice and return it. You'll owe nothing, and the free issues will remain yours to keep. Just fill in the form below and send it on.

Ainm/name

Sloinne/surname

Seoladh/address

Teil/tel

Ríomhphost/Email

Síniú/signature

Dáta/date

"Id' shuí anseo, ní chreidfeá ariamh gur i lár na hEorpa atá muid."

Aisling Joyce (18) Mac léinn tíreolaíochta

Chaidís na hEorpa a dhéanamh
Tháinig na hEorpa a dhéanamh
chula phríomairí na hEorpa
Gealltanas a dhéanamh na hEorpa
na huirilí na hEorpa
lántairbhe a bhaint na hEorpa

B'iad na comhdhálacha físeáin a
thug deis do dhaltai Ghairmscoile
Éinne ar Inis Mór bheith i lár an
aonaigh, ag cur na gceisteanna ar
TDEanna sa Pharlaimint Eorpach i
Strasbourg ag seisiún speisialta
Ceisteanna agus Freagraí.

TELECOM
EIREANN



an t-e a thuig faoin saol thinn

Bhí tuiscint riamh in Éirinn ar an Saol Fó Thoinn agus is é John Philip Holland as Lios Ceannúir i gCo. an Chláir a cheap an chéad fhomhuireán ón saol seo a chonaic Manannán.

Bhí dearcadh ar leith ag Holland, a dhearcadh féin, dearcadh an Éireannaigh. **Is dream ar leith muintir na hÉireann agus is stáisiún leithleasach teilifíse TnaG.** Stáisiún ar aon mheon linn féin, stáisiún a bhfuil an dearcadh ar leith sin aige - an dearcadh Éireannach.



TnaG. Briseann an dúchas.

Website-[http:// www.tnag.ie](http://www.tnag.ie)